Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

2025/0059(COD)

30.10.2025

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle
(COM(2025)0101 – C10-0047/2025 – 2025/0059(COD))

An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile

Rapóirtéir: Malik Azmani

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar sa dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún. Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann a bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach***. Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil agus arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 105

DRÉACHTRÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle
(COM(2025)0101 – C10-0047/2025 – 2025/0059(COD))

(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá Parlaimint na hEorpa,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2025)0101),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 79(2), pointe (c), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C10-0047/2025),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún,

– ag féachaint do Riail 60 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A10-0000/2025),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Is é an Ballstát ar ar a chríoch a bhraitear an náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach atá freagrach as filleadh an náisiúnaigh sin a áirithiú. Ar fhanacht neamhdhleathach a bhrath, ba cheart do na Ballstáit an náisiúnach tríú tír a shainaithint go pras agus rioscaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ann a fhíorú trí bhunachair sonraí ábhartha an Aontais agus na bunachair sonraí ábhartha náisiúnta a chuardach. Ba cheart do na Ballstáit seiceáil a dhéanamh ar aon leochaileachtaí agus, i gcás inarb ábhartha, seiceáil sláinte a dhéanamh.	(12) Is é an Ballstát ar ar a chríoch a bhraitear an náisiúnach tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach atá freagrach as filleadh an náisiúnaigh sin a áirithiú***, lena n-áirítear filleadh ar aghaidh ar an tír a mbeifear ag filleadh uirthi***. Ar fhanacht neamhdhleathach a bhrath, ba cheart do na Ballstáit an náisiúnach tríú tír a shainaithint go pras agus rioscaí slándála a d'fhéadfadh a bheith ann a fhíorú trí bhunachair sonraí ábhartha an Aontais agus na bunachair sonraí ábhartha náisiúnta a chuardach. Ba cheart do na Ballstáit seiceáil a dhéanamh ar aon leochaileachtaí agus, i gcás inarb ábhartha, seiceáil sláinte a dhéanamh. ***Ba cheart go bhféadfaí brath ar mheasúnú críochnúil atá ann cheana ar na himthosca ábhartha uile a rinneadh le linn céimeanna den nós imeachta roimhe sin. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar aon athrú ar imthosca agus ar aon ghné nua lena bhfianaítear riosca.***

Or. en

Leasú 2

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) Ba cheart do na húdaráis inniúla a fhíorú go gcomhlíontar prionsabal an non-refoulement ar bhonn measúnú aonair agus na himthosca ábhartha go léir á gcur san áireamh. Ba cheart don náisiúnach tríú tír lena mbaineann fianaise a chur isteach a luaithe is féidir maidir lena chúinsí pearsanta féin. Ba cheart é a bheith indéanta brath ar mheasúnú críochnúil atá ann cheana ar na himthosca ábhartha uile a rinneadh sna céimeanna den nós imeachta roimhe	***scriosta***

sin. Ba cheart scrúdú a dhéanamh ar aon athrú ar imthosca agus ar aon eilimint nua lena bhfianaítear riosca.

Or. en

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) A luaithe a shuífear nach gcomhlíonann an náisiúnach tríú tír na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát, nó nach gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha sin a thuilleadh, ba cheart cinneadh um fhilleadh a eisiúint go pras bunaithe ar mheasúnú aonair agus na fíorais agus na himthosca uile á gcur san áireamh.	(15) A luaithe a shuífear nach gcomhlíonann an náisiúnach tríú tír na coinníollacha maidir le dul isteach, fanacht nó cónaí ar chríoch na mBallstát, nó nach gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha sin a thuilleadh, ba cheart***, i gcás inar gá,*** cinneadh um fhilleadh a eisiúint go pras bunaithe ar mheasúnú aonair agus na fíorais agus na himthosca uile á gcur san áireamh.

Or. en

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 16

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(16) ***Is gá a áirithiú go ndéanfar eilimintí*** bunriachtanacha cinnidh um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát a iontráil i bhfoirm shonrach mar Ordú Eorpach um Fhilleadh agus ***go gcuirfear*** ar fáil ***iad*** i gCóras Faisnéise Schengen in éineacht leis an bhfoláireamh maidir le filleadh nó trí mhalartú déthaobhach faisnéise le Ballstát eile. Dá réir sin, ba cheart don Ordú Eorpach um Fhilleadh tacú le haithint agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstát eile i gcás ina mbogann	(16) ***Déantar gnéithe*** bunriachtanacha cinnidh um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát a iontráil i bhfoirm shonrach mar Ordú Eorpach um Fhilleadh agus ***a chur*** ar fáil i gCóras Faisnéise Schengen in éineacht leis an bhfoláireamh maidir le filleadh nó trí mhalartú déthaobhach faisnéise le Ballstát eile. Dá réir sin, ba cheart don Ordú Eorpach um Fhilleadh tacú le haithint agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstát eile i gcás ina mbogann an náisiúnach tríú tír

an náisiúnach tríú tír neamhúdaraithe chuig Ballstát eile.	neamhúdaraithe chuig Ballstát eile.

Or. en

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 17

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(17) Go minic, agus go háirithe i gcásanna nach gcomhoibríonn an náisiúnach tríú tír, bíonn sé deacair ar na húdaráis inniúla an tír a mbeifear ag filleadh uirthi a shainaithint tráth a eisítear an cinneadh um fhilleadh. ***I gcásanna den sórt*** sin, ba cheart do na húdaráis inniúla an tír a mbeifear ag filleadh uirthi a chinneadh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil ***agus ba cheart dóibh*** an tír nó na tíortha is dóchúla ***a léiriú*** sa chinneadh um fhilleadh.	(17) Go minic, agus go háirithe i gcásanna nach gcomhoibríonn an náisiúnach tríú tír, bíonn sé deacair ar na húdaráis inniúla an tír a mbeifear ag filleadh uirthi a shainaithint tráth a eisítear an cinneadh um fhilleadh. ***Sna cásanna*** sin, ba cheart do na húdaráis inniúla***, más féidir,*** an tír a mbeifear ag filleadh uirthi a chinneadh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil ***lena léirítear*** an tír nó na tíortha is dóchúla sa chinneadh um fhilleadh. ***I gcás ina ndéantar an t-aistriú chuig tríú tír nár cuireadh in iúl sa chéad chinneadh um fhilleadh, ba cheart an tríú tír sin a chur leis an ordú aistrithe, an cinneadh um fhilleadh a leasú nó cinneadh nua um fhilleadh a eisiúint.***

Or. en

Leasú 6

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 18

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(18) I gcás ina bhfuil náisiúnach tríú tír atá i láthair ar chríoch Ballstáit faoi réir cinneadh ***in-fhorfheidhmithe*** um fhilleadh ó Bhallstát eile, ba cheart an cinneadh sin a aithint agus a fhorfheidhmiú. Le haithint agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh, ba	(18) I gcás ina bhfuil náisiúnach tríú tír atá i láthair ar chríoch Ballstáit faoi réir cinneadh ***infhorfheidhmithe*** um fhilleadh ó Bhallstát eile, ba cheart an cinneadh sin a aithint agus a fhorfheidhmiú. Le haithint agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh, ba

cheart an próiseas um fhilleadh a éascú agus dlús a chur leis ar bhonn comhar feabhsaithe agus muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit. Is féidir leo rannchuidiú freisin le himirce neamhrialta a dhíspreagadh agus gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaraithe laistigh den Aontas a dhíspreagadh, chomh maith le moilleanna sa phróiseas um fhilleadh a theorannú. Ba cheart an leigheas i gcoinne na gcinntí um fhilleadh a fheidhmiú sa Bhallstát eisiúna.	cheart an próiseas um fhilleadh a éascú agus dlús a chur leis ar bhonn comhar feabhsaithe agus muinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit. Is féidir leo rannchuidiú freisin le himirce neamhrialta a dhíspreagadh agus gluaiseachtaí tánaisteacha neamhúdaraithe laistigh den Aontas a dhíspreagadh, chomh maith le moilleanna sa phróiseas um fhilleadh a theorannú. Ba cheart an leigheas i gcoinne na gcinntí um fhilleadh a fheidhmiú sa Bhallstát eisiúna. ***Is dreasacht bhreise é sin chun gluaiseachtaí tánaisteacha a dhíspreagadh.***
	Or. en

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 19

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(19) Ó dháta ***chur*** i bhfeidhm an Rialacháin seo, ba cheart do na Ballstáit socruithe dlíthiúla agus teicniúla a chur i bhfeidhm chun a áirithiú gur féidir an tOrdú Eorpach um Fhilleadh a chur ar fáil trí Chóras Faisnéise Schengen. ***Faoin 1 Iúil 2027, díreach os cionn*** bliain amháin tar éis ***dháta chur*** i bhfeidhm ***Rialachán (AE) 2024/1351, ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil socruithe dlíthiúla agus teicniúla iomchuí bunaithe ag na Ballstáit chun Orduithe Eorpacha um Fhilleadh a phróiseáil go héifeachtach trí Chóras Faisnéise Schengen. Ar bhonn an athbhreithnithe sin,*** ba cheart ***don Choimisiún cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh trínar cheart*** aithint cinntí infhorfheidhmithe um fhilleadh, cinntí arna dtacú leis an Ordú Eorpach um Fhilleadh, a bheith éigeantach.	(19) Ó dháta ***theacht*** i bhfeidhm an Rialacháin seo ***go dtí dáta chur i bhfeidhm na bhforálacha maidir le haithint agus forfheidhmiú cinntí um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstát eile***, ba cheart do na Ballstáit ***a bheith in ann*** socruithe dlíthiúla agus teicniúla a chur i bhfeidhm chun a áirithiú gur féidir an tOrdú Eorpach um Fhilleadh a chur ar fáil trí Chóras Faisnéise Schengen. Bliain amháin tar éis ***teacht*** i bhfeidhm, ba cheart aithint cinntí infhorfheidhmithe um fhilleadh, cinntí arna dtacú leis an Ordú Eorpach um Fhilleadh, a bheith éigeantach.
	Or. en

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(20) Ba cheart leanúint de ghné Aontais a thabhairt d'éifeachtaí na mbeart náisiúnta um fhilleadh trí thoirmeasc ar dhul isteach a bhunú lena dtoirmiscfear dul isteach agus fanacht ar chríoch na mBallstát uile. Ba cheart fad toirmisc ar dhul isteach a chinneadh agus aird chuí á tabhairt ar na himthosca ábhartha uile a bhaineann le cás aonair ***agus níor cheart, i bprionsabal, é a bheith níos faide ná 10 mbliana***. Nuair a dhéantar fanacht neamhdhleathach náisiúnaigh tríú tír a bhrath le linn seiceálacha imeachta ag na teorainneacha seachtracha, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach toirmeasc ar dhul isteach a fhorchur chun cosc a chur ar an náisiúnach tríú tír sin dul isteach san Aontas arís amach anseo agus chun rioscaí na hinimirce neamhdhleathaí a laghdú dá bharr.	(20) Ba cheart leanúint de ghné Aontais a thabhairt d'éifeachtaí na mbeart náisiúnta um fhilleadh trí thoirmeasc ar dhul isteach a bhunú lena dtoirmiscfear dul isteach agus fanacht ar chríoch na mBallstát uile. Ba cheart fad toirmisc ar dhul isteach a chinneadh agus aird chuí á tabhairt ar na himthosca ábhartha uile a bhaineann le cás aonair. Nuair a dhéantar fanacht neamhdhleathach náisiúnaigh tríú tír a bhrath le linn seiceálacha imeachta ag na teorainneacha seachtracha, d'fhéadfadh sé a bheith oiriúnach toirmeasc ar dhul isteach a fhorchur chun cosc a chur ar an náisiúnach tríú tír sin dul isteach san Aontas arís amach anseo agus chun rioscaí na hinimirce neamhdhleathaí a laghdú dá bharr.

Or. en

Leasú 9

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Is féidir náisiúnaigh tríú tír a fhilleadh trí bhearta comhéigneacha trí aistriú ***nó tríd an oibleagáid imeacht a chomhlíonadh go deonach***. Ba cheart an dá chineál fillte a nascadh chun bearnaí sa chóras a sheachaint. Cé gur cheart leanúint de náisiúnaigh tríú tír chomhoibríocha a fhilleadh go príomha trí fhilleadh deonach,	(21) Is féidir ***le*** náisiúnaigh tríú tír ***an oibleagáid imeacht a chomhlíonadh dá ndeoin féin nóiad*** a fhilleadh trí bhearta comhéigneacha trí aistriú. Ba cheart an dá chineál fillte a nascadh chun bearnaí sa chóras a sheachaint. Cé gur cheart leanúint de náisiúnaigh tríú tír chomhoibríocha a fhilleadh go príomha trí fhilleadh deonach,

féachtar le rialacha treisithe maidir le haistriú le hiarmhairt dhíreach agus láithreach a áirithiú i gcás nach n-urramaíonn an náisiúnach tríú tír an dáta faoinar gá dóibh imeacht. Ba cheart bearta comhéigneacha a bheith faoi réir phrionsabail na comhréireachta agus na héifeachtachta maidir leis na modhanna a úsáidtear agus na cuspóirí a shaothraítear.	féachtar le rialacha treisithe maidir le haistriú le hiarmhairt dhíreach agus láithreach a áirithiú i gcás nach n-urramaíonn an náisiúnach tríú tír an dáta faoinar gá dóibh imeacht. Ba cheart bearta comhéigneacha a bheith faoi réir phrionsabail na comhréireachta agus na héifeachtachta maidir leis na modhanna a úsáidtear agus na cuspóirí a shaothraítear.
	Or. en

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 22

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(22) Tá gá le rialacha comhchoiteanna chun a áirithiú go ndéanfar náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann rioscaí slándála agus nach bhfuil aon cheart acu fanacht san Aontas a shainaithint go héifeachtúil agus a fhilleadh go pras. Is gá a áirithiú go ndéanfar seiceálacha ábhartha chun náisiúnaigh tríú tír a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo a shainaithint agus aird a tharraingt orthu, lena n-áirítear trí bheith ag brath ar an bpróiseas scagtha mar a leagtar amach i Rialachán 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11]. I gcás náisiúnaigh tríú tír a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo, ba cheart gurb é an riail a bheadh ann go ndéanfaí iad a aistriú, agus ba cheart é a bheith indéanta maolú a dhéanamh ar na rialacha ginearálta chun foráil a dhéanamh maidir le toirmisc ***níos faide*** ar dhul isteach, tréimhsí coinneála níos faide agus úsáid saoráidí coinneála speisialaithe ionas go ndéanfar iad siúd a chuireann slándáil an Aontais i mbaol a aistriú go tapa.	(22) Tá gá le rialacha comhchoiteanna chun a áirithiú go ndéanfar náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann rioscaí slándála agus nach bhfuil aon cheart acu fanacht san Aontas a shainaithint go héifeachtúil agus a fhilleadh go pras. Is gá a áirithiú go ndéanfar seiceálacha ábhartha chun náisiúnaigh tríú tír a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo a shainaithint agus aird a tharraingt orthu, lena n-áirítear trí bheith ag brath ar an bpróiseas scagtha mar a leagtar amach i Rialachán 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11]. I gcás náisiúnaigh tríú tír a bhfuil rioscaí slándála ag baint leo, ba cheart gurb é an riail a bheadh ann go ndéanfaí iad a aistriú, agus ba cheart é a bheith indéanta maolú a dhéanamh ar na rialacha ginearálta chun foráil a dhéanamh maidir le toirmisc ar dhul isteach, tréimhsí coinneála níos faide agus úsáid saoráidí coinneála speisialaithe ionas go ndéanfar iad siúd a chuireann slándáil an Aontais i mbaol a aistriú go tapa.
[11] Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14	[11] Rialachán (AE) 2024/1356 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14

Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).	Bealtaine 2024 lena dtugtar isteach scagadh ar náisiúnaigh tríú tír ag na teorainneacha seachtracha agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240 agus (AE) 2019/817 (IO L 2024/1356, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1356/oj).
	Or. en

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(23) Ba cheart go leathnófaí leis na rialacha nua na deiseanna atá ag na Ballstáit filleadh ***chuig tríú*** tíortha a áirithiú trí uirlisí breise. Ba cheart é a bheith indéanta comhaontuithe ***nó socruithe*** sonracha a chur i bhfeidhm le tríú tíortha chun tuilleadh roghanna maidir le filleadh a chur ar fáil do na Ballstáit faoi réir na gcoinníollacha go n-urramaíonn an tríú tír lena mbaineann na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus prionsabal an non-refoulement. Go háirithe, ba cheart go leagfaí amach sa chomhaontú ***nó sa socrú*** na modúlachtaí maidir le haistriú, na coinníollacha maidir le fanacht sa tír, na modúlachtaí i gcás filleadh ar aghaidh ar an tír thionscnaimh, na hiarmhairtí i gcás sáruithe nó athruithe móra a mbeadh drochthionchar acu ar an staid sa tríú tír, agus comhlacht nó sásra faireacháin neamhspleách chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe ***nó an tsocraithe***. Is éard a bheidh sna comhaontuithe ***nó sna socruithe*** sin cur chun feidhme dhlí an Aontais chun críocha Airteagal 51(1) ***den*** Chairt.	(23) Ba cheart go leathnófaí leis na rialacha nua na deiseanna atá ag na Ballstáit filleadh ***ar thríú*** tíortha a áirithiú trí uirlisí breise. Ba cheart é a bheith indéanta comhaontuithe sonracha a chur i bhfeidhm le tríú tíortha chun tuilleadh roghanna maidir le filleadh a chur ar fáil do na Ballstáit ***agus don Aontas Eorpach*** faoi réir na gcoinníollacha go n-urramaíonn an tríú tír lena mbaineann na caighdeáin idirnáisiúnta maidir le cearta an duine agus prionsabal an non-refoulement. Go háirithe, ba cheart go leagfaí amach sa chomhaontú na modúlachtaí maidir le haistriú, na coinníollacha maidir le fanacht sa tír, na modúlachtaí i gcás filleadh ar aghaidh ar an tír thionscnaimh, na hiarmhairtí i gcás sáruithe nó athruithe móra a mbeadh drochthionchar acu ar an staid sa tríú tír, agus comhlacht nó sásra faireacháin neamhspleách chun measúnú a dhéanamh ar chur chun feidhme an chomhaontaithe***.*** Is éard a bheidh sna comhaontuithe sin cur chun feidhme dhlí an Aontais chun críocha Airteagal 51(1) ***de*** Chairt ***um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh (an 'Chairt')***.
	Or. en

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(24a) Chun faireachán éifeachtach ar chearta bunúsacha le linn aistrithe a áirithiú, ba cheart Sásra láraithe Eorpach um Fhaireachán ar Aistrithe a bhunú laistigh de Frontex. Ba cheart a bheith in ann faireachán a dhéanamh ar gach aistriú leis an sásra sin, lena n-áirítear na haistrithe sin a dhéantar chuig tríú tíortha agus uathu lena bhfuil comhaontú ann, agus ba cheart an próiseas aistrithe ina iomláine a chumhdach leis. Leis an sásra sin, ba cheart tuairisciú a dhéanamh ar a thorthaí agus moltaí a chur faoi bhráid na mBallstát. Ba cheart é a chur in ionad na sásraí faireacháin náisiúnta atá ann cheana agus an luchta faireacháin don fhilleadh éigeantach atá á bhainistiú ag Frontex faoi láthair. Chuige sin, tá gá le leasuithe ar Rialachán Frontex.

Or. en

Leasú 13

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(26) I gcás ina bhfuil forais amhrais ann i dtaobh an mionaoiseach é an náisiúnach tríú tír nó nach ea, ba cheart measúnú aoise a dhéanamh. Chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le bainistiú imirce san Aontas, ba cheart cloí leis an nós imeachta céanna dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus	(26) I gcás ina bhfuil forais amhrais ann i dtaobh an mionaoiseach é an náisiúnach tríú tír nó nach ea, ba cheart measúnú aoise a dhéanamh. Chun comhleanúnachas a áirithiú maidir le bainistiú imirce san Aontas, ba cheart cloí leis an nós imeachta céanna dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus

ón gComhairle[12]. Agus measúnuithe aoise á ndéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit treoirlínte ábhartha ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann a chur san áireamh go háirithe.	ón gComhairle[12] ***tar éis aon mheasúnú aoise a rinneadh roimhe sin a fhíorú***. Agus measúnuithe aoise á ndéanamh acu, ba cheart do na Ballstáit treoirlínte ábhartha ó Ghníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann a chur san áireamh go háirithe.
[12] Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta ***comhchoiteann*** le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L 222, 22.5.2024, lch. 1***).***	[12] Rialachán (AE) 2024/1348 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena mbunaítear nós imeachta ***coiteann*** le haghaidh cosaint idirnáisiúnta san Aontas agus lena n-aisghairtear Treoir 2013/32/AE (IO L 222, 22.5.2024, lch. 1***, ELI:*** http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1348/oj).

Or. en

Leasú 14

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(29a) Is éard ba cheart a bheith sa chúnamh dlí agus san ionadaíocht dhlíthiúil ullmhú an achomhairc nó na hiarrata ar athbhreithniú, lena n-áirítear, ar a laghad, ullmhú na ndoiciméad nós imeachta a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta agus, i gcás éisteachta, rannpháirtíocht san éisteacht sin os comhair údarás breithiúnach chun an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa a áirithiú.

Or. en

Leasú 15

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 29 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(29b) Chun a áirithiú gur leor an cúnamh dlí agus an ionadaíocht dhlíthiúil dá bhforáiltear sa Rialachán seo, ba cheart do dhlíodóir iad a sholáthar de réir bhrí Airteagal 1(2) de Threoir 98/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].
	[1a] Treoir 98/5/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 chun cleachtas ghairm an dlíodóra a éascú ar bhonn buan i mBallstát eile seachas an Ballstát ina bhfuarthas an cháilíocht (IO L 77, 14.3.1998, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1998/5/oj).

Or. en

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 30 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(30a) Ní dhéantar foráil sa Rialachán seo maidir le héifeacht fionraíochta uathoibríoch achomhairc. Mar sin féin, ba cheart go mbeadh náisiúnach tríú tír fós in ann iarraidh a chur isteach chun forfheidhmiú cinnidh um fhilleadh a chur ar fionraí. Chun dúbláil measúnuithe ar riosca an non-refoulement a sheachaint, ba cheart brath ar mheasúnuithe a rinneadh roimhe sin, lena n-áirítear i gcomhthéacs an nós imeachta tearmainn. Ba cheart é a bheith de fhreagracht i gcónaí ar an náisiúnach tríú tír a chur in iúl, go tráthúil, go bhfuil riosca non-refoulement ann agus a iarraidh go gcuirfí an cinneadh um fhilleadh ar fionraí. Sna cásanna sin, agus i gcás nach

ndearna an náisiúnach tríú tír iarratas ar chosaint idirnáisiúnta roimhe sin, féadfaidh na Ballstáit an náisiúnach tríú tír a tharchur chuig an nós imeachta tearmainn i gcás inarb iomchuí.

Or. en

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(32) Níor cheart é a bheith indéanta coinneáil a fhorchur ach amháin chun filleadh a ullmhú, nuair is comhréireach agus nuair is gá sin, tar éis measúnú aonair a dhéanamh ar gach cás, lena n-áirítear aon staid leochaileachta a chur san áireamh. Chun na críche sin, d'fhéadfaí coinneáil a fhorchur i gcás ina bhfuil baol ann go n-éalódh náisiúnaigh tríú tír, i gcás ina gcuireann náisiúnaigh tríú tír bac ar fhilleadh nó ina seachnaíonn siad filleadh, nó i gcás ina bhfuil riosca slándála ag baint leo, nó i gcás nach gcomhlíonann siad roghanna eile seachas coinneáil, nó i gcás ina bhfuil gá le coinneáil chun céannacht nó náisiúntacht a chinneadh nó a fhíorú. Ba cheart do na húdaráis gníomhú le dícheall cuí agus níor cheart coinneáil a choinneáil ar bun ach ar feadh tréimhse chomh gearr agus is féidir agus ní fhéadfaidh sí a bheith níos faide ná ***24 mhí***. I gcás ina ndéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir le mionaoisigh a choinneáil, ba cheart tús áite a thabhairt do leas an linbh. Ba cheart bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach céanna ar choinneáil a úsáid nuair is féidir iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach.	(32) Níor cheart é a bheith indéanta coinneáil a fhorchur ach amháin chun filleadh a ullmhú ***agus mar rogha dheiridh***, nuair is comhréireach agus nuair is gá sin, tar éis measúnú aonair a dhéanamh ar gach cás, lena n-áirítear aon staid leochaileachta a chur san áireamh. Chun na críche sin, d'fhéadfaí coinneáil a fhorchur i gcás ina bhfuil baol ann go n-éalódh náisiúnaigh tríú tír, i gcás ina gcuireann náisiúnaigh tríú tír bac ar fhilleadh nó ina seachnaíonn siad filleadh, nó i gcás ina bhfuil riosca slándála ag baint leo, nó i gcás nach gcomhlíonann siad roghanna eile seachas coinneáil, nó i gcás ina bhfuil gá le coinneáil chun céannacht nó náisiúntacht a chinneadh nó a fhíorú. Ba cheart do na húdaráis gníomhú le dícheall cuí agus níor cheart coinneáil a choinneáil ar bun ach ar feadh tréimhse chomh gearr agus is féidir agus ní fhéadfaidh sí a bheith níos faide ná ***18 mí***. I gcás ina ndéantar foráil sa dlí náisiúnta maidir le mionaoisigh a choinneáil, ba cheart tús áite a thabhairt do leas an linbh. Ba cheart bearta malartacha eile nach bhfuil chomh comhéigneach céanna ar choinneáil a úsáid nuair is féidir iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach.

Or. en

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(37) Tá cur chuige córasach agus comhordaithe maidir le hathligean isteach idir na Ballstáit ríthábhachtach chun filleadh náisiúnach tríú tír a éascú. Mura ndéantar obair leantach leordhóthanach ar chinntí ***in-fhorfheidhmithe*** um fhilleadh, tá an baol ann go gcuirfí bac ar éifeachtúlacht an chur chuige choitinn maidir le filleadh. Ba cheart na bearta uile is gá chun an filleadh a chur chun feidhme a leanúint ***go córasach*** tar éis cinntí um fhilleadh ***is féidir a fhorfheidhmiú***, lena n-áirítear ***iarrataí*** ar athligean isteach a chur faoi bhráid údaráis tríú tíortha, i gcásanna ina bhfuil amhras faoin náisiúntacht nó inar gá doiciméad taistil a fháil.	(37) Tá cur chuige córasach agus comhordaithe maidir le hathligean isteach idir na Ballstáit ríthábhachtach chun filleadh náisiúnach tríú tír a éascú. Mura ndéantar obair leantach leordhóthanach ar chinntí ***infhorfheidhmithe*** um fhilleadh, tá an baol ann go gcuirfí bac ar éifeachtúlacht an chur chuige choitinn maidir le filleadh. Ba cheart na bearta uile is gá chun an filleadh a chur chun feidhme a leanúint tar éis cinntí ***infhorfheidhmithe*** um fhilleadh, lena n-áirítear ***iarratais*** ar athligean isteach a chur faoi bhráid údaráis tríú tíortha, i gcásanna ina bhfuil amhras faoin náisiúntacht nó inar gá doiciméad taistil a fháil.

Or. en

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 38

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(38) Cé go mbraitheann athligean isteach freisin ar chomhar na dtríú tíortha, ba cheart cur chuige comhleanúnach a ghlacadh i measc na mBallstát chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta um athligean isteach a mhéadú, agus chun aontacht i measc na mBallstát a áirithiú. Ba cheart trédhearcacht agus comhordú maidir le rannpháirtíocht le tríú tíortha a áirithiú, lena n-áirítear i gcomhthéacs ionstraimí um athligean isteach a chaibidliú, chun cur	(38) Cé go mbraitheann athligean isteach freisin ar chomhar na dtríú tíortha, ba cheart cur chuige comhleanúnach a ghlacadh i measc na mBallstát chun éifeachtúlacht agus éifeachtacht na nósanna imeachta um athligean isteach a mhéadú, agus chun aontacht i measc na mBallstát a áirithiú. Ba cheart trédhearcacht agus comhordú maidir le rannpháirtíocht le tríú tíortha a áirithiú, lena n-áirítear i gcomhthéacs ionstraimí um athligean isteach a chaibidliú, chun cur

chuige comhleanúnach de chuid an Aontais a neartú. ***Chun fillteacha éifeachtacha a áirithiú, níor cheart gurb ionann cumarsáid le heintitis ábhartha tríú tír chun críoch an nós imeachta um athligean isteach agus aitheantas taidhleoireachta na n-eintiteas tríú tír lena mbaineann.***	chuige comhleanúnach de chuid an Aontais a neartú.
	Or. en

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 39 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(39a) Níor cheart sonraí pearsanta maidir le mionaoisigh neamhthionlactha a aistriú chuig tír thionscnaimh ach amháin tar éis a shuíomh le measúnú críochnúil gur chun leasa an mhionaoisigh é an t-aistriú agus nach gcuirfear a fholláine nó a folláine i mbaol leis.
	Or. en

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 43

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(43) Le comhchóras um fhilleadh, ba cheart lánúsáid a bhaint as córais dhigiteacha a thacaíonn le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh a bhainistiú, ar córais iad a bhainistítear go hoibríochtúil ar leibhéal an Aontais nó a bhainistíonn na Ballstáit, agus béim á leagan ar nós imeachta riaracháin éifeachtúil, ar chomhar, ar chomhroinnt	(43) Le comhchóras um fhilleadh, ba cheart lánúsáid a bhaint as córais dhigiteacha a thacaíonn le filleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh a bhainistiú, ar córais iad a bhainistítear go hoibríochtúil ar leibhéal an Aontais nó a bhainistíonn na Ballstáit, agus béim á leagan ar nós imeachta riaracháin éifeachtúil, ar chomhar, ar chomhroinnt

faisnéise agus ar idir-inoibritheacht.	faisnéise agus ar idir-inoibritheacht. ***Le digitiú an bhainistithe ar fhilleadh, atá le rialáil trí ionstraim ar leith, ba cheart treoir a thabhairt ina leith sin.***
	Or. en

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 45

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(45) Tá bailiú agus anailísiú staidrimh iontaofa inchomparáide maidir le filleadh, athligean isteach agus ***ath-imeascadh*** ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an Rialacháin seo agus chun réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu, toisc go dtugann siad léargas luachmhar ar éifeachtúlacht nósanna imeachta um fhilleadh***,*** ar chomhar tríú tíortha***, agus ar thorthaí iarrachtaí ath-lánpháirtithe***. Ba cheart caighdeáin choiteanna agus sainmhínithe coiteanna a bhunú chun sonraí ábhartha a bhailiú agus a thuairisciú ionas go mbeidh an Coimisiún agus na Ballstáit in ann measúnú a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin seo agus rannchuidiú le cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le forbairtí beartais amach anseo.	(45) Tá bailiú agus anailísiú staidrimh iontaofa inchomparáide maidir le filleadh, athligean isteach agus ***cúnamh ó Frontex*** ríthábhachtach chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an Rialacháin seo agus chun réimsí a shainaithint a bhféadfaí feabhas a chur orthu, toisc go dtugann siad léargas luachmhar ar éifeachtúlacht nósanna imeachta um fhilleadh ***agus*** ar chomhar tríú tíortha. Ba cheart caighdeáin choiteanna agus sainmhínithe coiteanna a bhunú chun sonraí ábhartha a bhailiú agus a thuairisciú ionas go mbeidh an Coimisiún agus na Ballstáit in ann measúnú a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin seo agus rannchuidiú le cinntí eolasacha a dhéanamh maidir le forbairtí beartais amach anseo.
	Or. en

Leasú 23

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 46

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(46) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an	***scriosta***

Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun an tOrdú Eorpach um Fhilleadh agus foirm choiteann na n-iarrataí ar athligean isteach a bhunú. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18].

---

[18] Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2011/182/oj).

Or. en

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 55

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(55) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an ***[...]***.	(55) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(2) de Rialachán (AE) 2018/1725 agus thug sé a thuairim uaidh an ***23 Bealtaine 2025***.

Or. en

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát.	1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát ***nó a d'fhan ar chríoch na mBallstát roimhe sin***.

Or. en

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(3) ciallaíonn **"**tír a mbeifear ag filleadh uirthi**"** ceann díobh seo a leanas:	(3) ciallaíonn **'**tír a mbeifear ag filleadh uirthi**'** ceann díobh ***seo a leanas, san ord tosaíochta*** seo a leanas:

Or. en

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) tríú tír eile, a bhfuil cinneadh déanta ag an náisiúnach tríú tír lena mbaineann filleadh dá dheoin féin uirthi agus ina nglacfar leis an duine sin;

Or. en

Réasúnú

Cóip litriúil d'Airteagal 3(3), an tríú fleasc, de Threoir reatha 2008/115 um Fhilleadh.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(d) tríú tír, seachas ***an tír*** dá dtagraítear i ***bpointe*** (a)***, i bpointe*** (b***) agus i bpointe (g***), ina bhfuil sé de cheart ag an náisiúnach tríú tír dul isteach agus cónaí;	(d) tríú tír, seachas ***na tíortha*** dá dtagraítear i ***bpointí*** (a) ***agus*** (b), ina bhfuil sé de cheart ag an náisiúnach tríú tír dul isteach agus cónaí;

Or. en

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) tríú tír shábháilte ar diúltaíodh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta náisiúnaigh tríú tír ina leith toisc é a bheith neamh-inghlactha, de bhun Airteagal 59(8) de Rialachán (AE) 2024/1348;	***scriosta***

Or. en

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 – pointe f a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(fa) tríú tír shábháilte ar diúltaíodh iarratas ar chosaint idirnáisiúnta náisiúnaigh tríú tír ina leith toisc é a bheith neamh-inghlactha, de bhun Airteagal 59(8) de Rialachán (AE) 2024/1348;

Or. en

Réasúnú

Athraíodh ord (e) agus (f) chun go mbeadh siad ar aon dul leis an ordú sa Rialachán maidir le Cosaint Idirnáisiúnta.

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 3 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(g) tríú tír lena bhfuil comhaontú ***nó socrú*** ann ar ar a bhonn a ghlactar leis an náisiúnach tríú tír, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo.	(g) tríú tír lena bhfuil comhaontú ann ar ar a bhonn a ghlactar leis an náisiúnach tríú tír, i gcomhréir le hAirteagal 17 den Rialachán seo.

Or. en

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) ciallaíonn 'aistriú' forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh ag na húdaráis inniúla trí iompar fisiciúil amach as críoch an Bhallstáit;	***scriosta***

Or. en

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 6 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(6a) ciallaíonn 'aistriú' forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh ag na húdaráis inniúla trí iompar fisiciúil amach as

críoch an Bhallstáit;

Or. en

Réasúnú

Athraíodh ord na sainmhínithe ar 'aistriú' agus 'filleadh deonach' chun go mbeadh siad ar aon dul le hord athraithe Airteagail 12 agus 13.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) ciallaíonn 'éalú' an ghníomhaíocht nach leanann an náisiúnach tríú tír de bheith ar fáil do na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha, ***amhail trí chríoch an Bhallstáit a fhágáil gan cead ó na húdaráis inniúla,*** ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an náisiúnach tríú tír orthu.	(7) ciallaíonn 'éalú' an ghníomhaíocht nach leanann an náisiúnach tríú tír de bheith ar fáil do na húdaráis inniúla riaracháin nó bhreithiúnacha, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an náisiúnach tríú tír orthu.

Or. en

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 8 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(8a) ciallaíonn 'oibríocht um fhilleadh' oibríocht arna heagrú nó arna comhordú ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ('Frontex') nó ag údarás inniúil Ballstáit, lena bhfilltear náisiúnaigh tríú tír ó Bhallstát amháin nó níos mó;

Or. en

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) ciallaíonn 'nós imeachta um athligean isteach' na céimeanna uile a dhéanann údarás inniúil nó, i gcás inarb ábhartha, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ('Frontex'), i ndáil le náisiúntacht náisiúnaigh tríú tír a dheimhniú, doiciméad taistil a eisiúint don náisiúnach tríú tír agus oibríocht um fhilleadh a eagrú;	***scriosta***

Or. en

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) ciallaíonn 'iarratas ar athligean isteach' iarraidh chun críche athligean isteach arna cur isteach ag údarás inniúil chuig údarás inniúil tríú tír ***arb é atá inti iarraidh*** ar dheimhniú náisiúntachta agus ***iarraidh*** ar dhoiciméad taistil a eisiúint, de réir mar is ábhartha;	(10) ciallaíonn 'iarratas ar athligean isteach' iarraidh chun críche athligean isteach arna cur isteach ag údarás inniúil chuig údarás inniúil tríú tír ***le haghaidh na hiarrata*** ar dheimhniú náisiúntachta agus ***na hiarrata*** ar dhoiciméad taistil a eisiúint, de réir mar is ábhartha;

Or. en

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 10 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(10a) ciallaíonn 'nós imeachta um

	athligean isteach' na céimeanna uile a dhéanann údarás inniúil nó, i gcás inarb ábhartha, an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta ('Frontex'), i ndáil le náisiúntacht náisiúnaigh tríú tír a dheimhniú, doiciméad taistil a eisiúint don náisiúnach tríú tír agus oibríocht um fhilleadh a eagrú;

Or. en

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – pointe 11

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) ciallaíonn "oibríocht um fhilleadh" oibríocht arna heagrú nó arna comhordú ag údarás inniúil lena bhfilleann náisiúnaigh tríú tír ó Bhallstát amháin nó níos mó;	***scriosta***

Or. en

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 5 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ***déanfaidh*** na Ballstáit ***a gcuid cúraimí a chomhall agus*** dlí ábhartha an Aontais ***á chomhlíonadh go hiomlán acu***, lena n-áirítear an Chairt, an dlí idirnáisiúnta ábhartha, na hoibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an non-refoulement, agus cearta bunúsacha.	Agus an Rialachán seo á chur i bhfeidhm, ***gníomhóidh*** na Ballstáit ***i gcomhréir iomlán le*** dlí ábhartha an Aontais, lena n-áirítear an Chairt, ***leis*** an dlí idirnáisiúnta ***is*** ábhartha, ***lena n-áirítear Coinbhinsiún na Ginéive i dtaobh Stádas Dídeanaithe, an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine agus an Coinbhinsiún um Chearta an Linbh, leis*** na hoibleagáidí a bhaineann le rochtain ar chosaint idirnáisiúnta, go háirithe prionsabal an non-refoulement,

agus ***le*** cearta bunúsacha.

Or. en

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfidh na Ballstáit bearta éifeachtúla agus comhréireacha i bhfeidhm chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch a bhrath d'fhonn an nós imeachta um fhilleadh a chur i gcrích agus chun aon fhíorú breise is gá a dhéanamh, lena n-áirítear aon fhíorú leochaileachta agus slándála.	1. Cuirfidh na Ballstáit bearta éifeachtúla agus comhréireacha i bhfeidhm chun náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach ar a gcríoch a bhrath d'fhonn an nós imeachta um fhilleadh a chur i gcrích agus chun aon fhíorú breise is gá a dhéanamh, lena n-áirítear aon fhíorú leochaileachta agus slándála. ***Chun dúbláil a sheachaint, déanfaidh na Ballstáit na fíoruithe breise sin trí bhunachair sonraí an Aontais agus bunachair sonraí náisiúnta a sheiceáil ar dtús i gcomhréir le dlí ábhartha an Aontais agus leis an dlí náisiúnta ábhartha.***

Or. en

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Eiseofar an cinneadh um fhilleadh i scríbhinn agus tabharfar cúiseanna leis an bhfíoras agus leis an dlí mar aon le faisnéis faoi leigheasanna dlí agus teorainneacha ama atá ar fáil chun na leigheasanna sin a lorg. Tabharfar fógra faoin gcinneadh um fhilleadh don náisiúnach tríú tír ***gan moill mhíchuí***.	2. Eiseofar an cinneadh um fhilleadh i scríbhinn agus tabharfar cúiseanna leis an bhfíoras agus leis an dlí mar aon le faisnéis faoi leigheasanna dlí agus teorainneacha ama atá ar fáil chun na leigheasanna sin a lorg. Tabharfar fógra faoin gcinneadh um fhilleadh don náisiúnach tríú tír ***a luaithe is féidir***. ***Cuirfear míniú amhairc ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 24, dóibh siúd nach féidir leo léamh.***

Or. en

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás nach féidir tír a mbeifear ag filleadh uirthi a chinneadh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil do na húdaráis inniúla tráth a eisítear an cinneadh um fhilleadh, ***féadfar*** tír amháin nó níos mó a mbeifear ag filleadh uirthi ***a léiriú*** go sealadach ***i gcinneadh um fhilleadh***.	4. I gcás nach féidir tír a mbeifear ag filleadh uirthi a chinneadh ar bhonn na faisnéise atá ar fáil do na húdaráis inniúla tráth a eisítear an cinneadh um fhilleadh, ***ní dhéanfar tagairt shealadach do thír a mbeifear ag filleadh uirthi sa chinneadh um fhilleadh nó sonrófar*** tír amháin nó níos mó a mbeifear ag filleadh uirthi ***ann*** go sealadach***, i gcomhréir leis an ord tosaíochta a leagtar amach in Airteagal 4(3)***.

Or. en

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Soláthrófar don náisiúnach tríú tír, arna iarraidh sin, aistriúchán i scríbhinn ***nó ó bhéal*** ar ***phríomheilimintí*** an chinnidh um fhilleadh, dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó ar féidir glacadh leis ar bhonn réasúnach go dtuigeann sé í.	5. Soláthrófar don náisiúnach tríú tír, arna iarraidh sin, aistriúchán i scríbhinn ar ***phríomhghnéithe*** an chinnidh um fhilleadh, dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó ar féidir glacadh leis ar bhonn réasúnach go dtuigeann sé í. ***Féadfaidh na Ballstáit úsáid a bhaint as bileoga faisnéise ginearálaithe nó as aistriúcháin, lena n-áirítear meaisínaistriúcháin.***

Or. en

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. ***Glacfaidh*** an ***Coimisiún gníomh cur chun feidhme chun foirm an Ordaithe Eorpaigh*** um Fhilleadh ***dá dtagraítear i mír 7 a bhunú. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh*** i gcomhréir ***leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in*** Airteagal ***49(2)***.	8. ***Ar eisiúint*** an ***chinnidh um fhilleadh, cuirfear a phríomhghnéithe isteach san fhoirm ('Ordú Eorpach*** um Fhilleadh***') a leagtar amach in Iarscríbhinn I agus cuirfear ar fáil iad trí Chóras Faisnéise Schengen*** i gcomhréir ***le Rialachán (AE) 2018/1860 nó trí mhalartú faisnéise de bhun*** Airteagal ***38***.

Or. en

Réasúnú

Tá Iarscríbhinn ina bhfuil an fhoirm chaighdeánach le cur leis an Rialachán seo.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Féadfaidh*** an Ballstát ina bhfuil an náisiúnach tríú tír ag fanacht go neamhdhleathach ('an Ballstát forfheidhmiúcháin') ***aitheantas a thabhairt do chinneadh in-fhorfheidhmithe*** um fhilleadh arna eisiúint chuig an náisiúnach tríú tír sin ag Ballstát eile ('an Ballstát eisiúna') de bhun Airteagal 7(1), bunaithe ar an Ordú Eorpach um Fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 7(7), agus ordóidh sé an ***t-aistriú*** de bhun Airteagal ***12*** ar an mbonn sin.	1. ***Déanfaidh*** an Ballstát ina bhfuil an náisiúnach tríú tír ag fanacht go neamhdhleathach ('an Ballstát forfheidhmiúcháin') ***cinneadh*** um fhilleadh ***a aithint agus a fhorfheidhmiú, ar cinneadh é*** arna eisiúint chuig an náisiúnach tríú tír sin ag Ballstát eile ('an Ballstát eisiúna') de bhun Airteagal 7(1), bunaithe ar an Ordú Eorpach um Fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 7(7), agus ordóidh sé ***aistriú*** an ***náisiúnaigh tríú tír*** de bhun Airteagal ***13a*** ar an mbonn sin.

Or. en

Leasú 47

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Faoin 1 Iúil 2027, glacfaidh an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme chun mír 3 a chur i bhfeidhm, ar bhonn measúnú i dtaobh an bhfuil éifeacht leis na socruithe dlíthiúla agus teicniúla arna gcur ar bun ag na Ballstáit chun an tOrdú Eorpach um Fhilleadh a chur ar fáil trí Chóras Faisnéise Schengen dá dtagraítear in Airteagal 7(7). Cuirfidh an Coimisiún torthaí a mheasúnaithe in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Glacfar an cinneadh cur chun feidhme i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49(2).	***scriosta***

Or. en

Leasú 48

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ó fhoilsiú an chinnidh cur chun feidhme arna ghlacadh i gcomhréir le mír 2, aithneoidh na Ballstáit cinntí in-fhorfheidhmithe um fhilleadh arna n-eisiúint ag Ballstáit eile de bhun Airteagal 7(1) do náisiúnaigh tríú tír atá i láthair go neamhdhleathach ar a gcríoch bunaithe ar an Ordú Eorpach um Fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 7(7), agus ordóidh siad iad a aistriú i gcomhréir le hAirteagal 12.	***scriosta***

Or. en

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. I gcás nach ndéanfaidh Ballstát cinneadh um fhilleadh a aithint nó a fhorfheidhmiú de bhun mhír ***1 nó mhír 3***, eiseoidh an Ballstát sin cinneadh um fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 7.	5. I gcás nach ndéanfaidh Ballstát cinneadh um fhilleadh a aithint nó a fhorfheidhmiú de bhun mhír ***4***, eiseoidh an Ballstát sin cinneadh um fhilleadh i gcomhréir le hAirteagal 7***, gan dochar do mhír 9 den Airteagal sin ná d'Airteagal 8***.

Or. en

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
9. ***Féadfaidh*** an Ballstát forfheidhmiúcháin a iarraidh ar Frontex tacú le forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh i gcomhréir le Caibidil II, Roinn 8, de Rialachán (AE) 2019/1896. Nuair nach dtacaíonn Frontex le forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh, ***agus nuair a iarrann*** an Ballstát forfheidhmiúcháin ***sin, déanfaidh an Ballstát eisiúna méid nach mó ná na costais iarbhír arna dtabhú ag an mBallstát forfheidhmiúcháin*** a ***chúiteamh leis an mBallstát forfheidhmiúcháin. Glacfaidh an Coimisiún cinneadh cur chun feidhme chun na critéir iomchuí a chinneadh chun an méid cúitimh agus na socruithe praiticiúla don chúiteamh a chinneadh. Glacfar an gníomh cur chun feidhme*** sin ***i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 49(2)***.	9. ***Déanfaidh*** an Ballstát forfheidhmiúcháin a iarraidh ar Frontex tacú le forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh i gcomhréir le Caibidil II, Roinn 8, de Rialachán (AE) 2019/1896. Nuair nach dtacaíonn Frontex le forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh, ***féadfaidh*** an Ballstát forfheidhmiúcháin ***tacaíocht airgeadais bhreise*** a ***fháil arna soláthar ó chistí comhfhreagracha*** an ***Aontais i gcomhréir leis*** na ***gníomhartha dlí lena rialaítear*** na ***cistí*** sin.

Or. en

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
10. Foilseofar an cinneadh ón gCoimisiún dá dtagraítear i mír 2 in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.	***scriosta***

Or. en

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a. nuair ***atá*** an ***náisiúnach tríú tír faoi réir aistriú i gcomhréir le hAirteagal 12***;	a. nuair ***nár comhlíonadh*** an ***oibleagáid um fhilleadh laistigh de na teorainneacha ama arna socrú in Airteagal 13a***;

Or. en

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. nuair ***nár comhlíonadh*** an ***oibleagáid um fhilleadh laistigh de na teorainneacha ama a socraíodh*** i gcomhréir le hAirteagal 13;	b. nuair ***atá*** an ***náisiúnach tríú tír faoi réir aistriú*** i gcomhréir le hAirteagal 13;

Or. en

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcásanna seachas na cásanna sin a liostaítear i mír 1, cinnfidh na húdaráis inniúla an mbeidh toirmeasc ar dhul isteach ag gabháil le cinneadh um fhilleadh nó nach mbeidh, agus na himthosca ábhartha á gcur san áireamh, go háirithe leibhéal comhair an náisiúnaigh tríú tír.	***scriosta***

Or. en

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Eiseofar an toirmeasc ar dhul isteach mar chuid den chinneadh um fhilleadh nó eiseofar i scríbhinn ar leithligh é. Tabharfar fógra don náisiúnach tríú tír ***maidir leis*** i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír ***nó i dteanga a bhféadfaí glacadh leis*** le ***réasún go dtuigeann sé í***.	3. Eiseofar an toirmeasc ar dhul isteach mar chuid den chinneadh um fhilleadh nó eiseofar i scríbhinn ar leithligh é. Tabharfar fógra ***faoi*** don náisiúnach tríú tír i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír***. Cuirfear míniú amhairc ar fáil, i gcomhréir*** le ***hAirteagal 24, dóibh siúd nach féidir leo léamh***.

Or. en

Leasú 56

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Féadfaidh na húdaráis inniúla toirmeasc ar dhul isteach a fhorchur gan	4. Féadfaidh na húdaráis inniúla toirmeasc ar dhul isteach a fhorchur gan

cinneadh um fhilleadh a eisiúint do náisiúnach tríú tír a bhí ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát agus a dtugtar fanacht neamhdhleathach an náisiúnaigh sin faoi deara le linn seiceálacha teorann arna ndéanamh ar imeacht dó i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/399, i gcás ina bhfuil údar cuí leis ar bhonn imthosca sonracha an cháis aonair agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus le cearta na cosanta, agus á sheachaint a mhéid is féidir imeacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann a chur siar.	cinneadh um fhilleadh a eisiúint do náisiúnach tríú tír a bhí ag fanacht go neamhdhleathach ar chríoch na mBallstát agus a dtugtar fanacht neamhdhleathach an náisiúnaigh sin faoi deara le linn seiceálacha teorann arna ndéanamh ar imeacht dó i gcomhréir le hAirteagal 8 de Rialachán (AE) 2016/399, i gcás ina bhfuil údar cuí leis ar bhonn imthosca sonracha an cháis aonair agus i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta agus le cearta na cosanta, agus á sheachaint a mhéid is féidir imeacht an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann a chur siar. ***Féadfar an toirmeasc ar dhul isteach a fhorchur agus fógra a thabhairt faoi tar éis don náisiúnach tríú tír imeacht ó chríoch na mBallstát.***
	Or. en

Leasú 57

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cinnfear fad an toirmisc ar dhul isteach agus aird chuí á tabhairt ar imthosca ábhartha uile an cháis aonair ***ar feadh 10 mbliana ar a mhéad***.	6. Cinnfear fad an toirmisc ar dhul isteach agus aird chuí á tabhairt ar imthosca ábhartha uile an cháis aonair. ***Go háirithe, sna cásanna seo a leanas:***
	Or. en

Leasú 58

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6 – pointe a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) i gcás nár chomhlíon an náisiúnach tríú tír an oibleagáid um fhilleadh laistigh de na teorainneacha

ama arna gcinneadh de bhun Airteagal 12, féadfaidh na Ballstáit toirmeasc ar dhul isteach a chinneadh ar feadh 2 bhliain ar a mhéad;

Or. en

Leasú 59

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) i gcás ina bhfuil an náisiúnach tríú tír faoi réir aistriú faoi Airteagal 13, féadfaidh na Ballstáit toirmeasc ar dhul isteach a chinneadh ar feadh 10 mbliana ar a mhéad;

Or. en

Leasú 60

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6 – pointe c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(c) i gcás ina bhfuil riosca slándála ag baint leis an náisiúnach tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 16, féadfaidh na Ballstáit toirmeasc ar dhul isteach a chinneadh ar feadh 20 bliain ar a mhéad;

Or. en

Leasú 61

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 6 – pointe d (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(d) ina dtagann an náisiúnach tríú tír faoi raon feidhme Threoir 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] nó ina bhfuil coireanna cogaidh déanta aige mar a shainmhínítear in Airteagal 8 de Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta an 17 Iúil 1998, féadfaidh na Ballstáit toirmeasc ar dhul isteach a chinneadh ar feadh tréimhse gan teorainn.
	[1a] Treoir (AE) 2017/541 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus lena n-ionadaítear Cinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle (IO L 88, 31.3.2017, lch. 6, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2017/541/oj).

Or. en

Leasú 62

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Féadfar tréimhsí comhleanúnacha nach faide ná 5 bliana a chur le fad an toirmisc ar dhul isteach de bhun mhír 6. Beidh síneadh den sórt sin bunaithe ar mheasúnú aonair agus aird chuí á tabhairt ar na himthosca ábhartha uile agus go háirithe ar aon chúiseanna cuí-réasúnaithe atá ag na húdaráis inniúla leis an bhfáth ar gá cosc breise a chur ar an náisiúnach tríú tír dul isteach i gcríoch na mBallstát.	***scriosta***

Or. en

Leasú 63

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Féadfar toirmeasc ar dhul isteach a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a fhad a ghiorrú i ***gcás ina ndéanann an náisiúnach tríú tír*** an ***méid seo a leanas:***	1. Féadfar toirmeasc ar dhul isteach a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a fhad a ghiorrú i ***gcásanna aonair a bhfuil údar leo, lena n-áirítear ar chúiseanna daonnúla, agus imthosca ábhartha uile*** an ***cháis aonair á gcur san áireamh.***

Or. en

Leasú 64

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a. go léireoidh sé nó sí go bhfuil sé nó sí tar éis filleadh go deonach i gcomhréir le cinneadh um fhilleadh;	***scriosta***

Or. en

Leasú 65

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. nach raibh sé ina ábhar do chinneadh um fhilleadh ná d'ordú aistrithe cheana féin san am a chuaigh thart;	***scriosta***

Or. en

Leasú 66

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c. nach ndeachaigh sé isteach i gcríoch Ballstáit fad a bhí toirmeasc ar dhul isteach fós i bhfeidhm.	***scriosta***

Or. en

Leasú 67

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfar toirmeasc ar dhul isteach a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a fhad a ghiorrú i gcásanna aonair a bhfuil údar leo, lena n-áirítear ar chúiseanna daonnúla, agus na himthosca ábhartha uile á gcur san áireamh.	***scriosta***

Or. en

Leasú 68

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 11 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tabharfar an deis don náisiúnach tríú tír a iarraidh go ndéanfaí ***fad*** an ***toirmisc*** ar dhul isteach a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a ghiorrú.	3. Tabharfar an deis don náisiúnach tríú tír a iarraidh go ndéanfaí an ***toirmeasc*** ar dhul isteach a tharraingt siar, a chur ar fionraí nó a ***fhad a*** ghiorrú. ***Cuirfear an náisiúnach tríú tír ar an eolas faoin deis***

sin i gcomhréir le hAirteagal 24.

Or. en

Leasú 69

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 12	***scriosta***
Baint	
1. Aistreofar an náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh sna cásanna seo a leanas:	
a. i gcás ina ndiúltaíonn an náisiúnach tríú tír comhoibriú leis na húdaráis le linn an phróisis um fhilleadh;	
b. i gcás ina mbogann an náisiúnach tríú tír go Ballstát eile gan údarú, lena n-áirítear le linn na tréimhse a shocraítear i gcomhréir le hAirteagal 13;	
c. i gcás ina dtagann an náisiúnach tríú tír faoi raon feidhme Airteagal 16;	
d. i gcás nár fhág an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát faoin dáta a bhí socraithe i gcomhréir le hAirteagal 13.	
2. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát cinneadh riaracháin nó breithiúnach ar leithligh a eisiúint i scríbhinn lena n-ordófar an t-aistriú.	
3. Déanfaidh na húdaráis inniúla measúnú ar chomhlíonadh phrionsabal an non-refoulement trí thagairt a dhéanamh don tír a mbeifear ag filleadh uirthi. Féadfaidh siad brath ar mheasúnú críochnúil atá ann cheana ar na himthosca ábhartha uile sna céimeanna roimhe sin den nós imeachta. Déanfar scrúdú cuí ar athruithe ar imthosca agus ar eilimintí nua lena bhfianaítear riosca. Tabharfaidh an náisiúnach tríú tír lena	

mbaineann ar aghaidh a luaithe is féidir aon eilimintí ábhartha a bhaineann lena chúinsí pearsanta nó lena cúinsí pearsanta féin.

4. Maidir le bearta comhéigneacha a dhéanfar chun a áirithiú go ndéanfar aistriú, beidh siad riachtanach agus comhréireach agus ní rachaidh siad, in aon chás, thar thairseach an fhornirt réasúnaigh. Cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus cearta bunúsacha á n-urramú agus urraim chuí á tabhairt do dhínit agus d'iomláine choirp an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann.

5. Agus aeraistrithe á ndéanamh, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na treoirlínte comhchoiteanna maidir le forálacha slándála le haghaidh aeraistrithe comhpháirteacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2004/573/CE ón gComhairle[26].

6. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo agus ina bhfuil an náisiúnach tríú tír ag comhoibriú go soiléir, féadfaidh na húdaráis inniúla cinneadh a dhéanamh dáta a shonrú faoina bhfágfaidh an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 13. I gcásanna den sórt sin, déanfaidh na húdaráis inniúla dlúthfhaireachán ar chomhlíonadh an náisiúnaigh tríú tír, lena n-áirítear trí chúnamh iompair a eagrú chuig an bpointe imeachta ábhartha ón Aontas.

---

[26] Cinneadh 2004/573/CE ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le heitiltí comhpháirteacha a eagrú chun náisiúnaigh tríú tír atá ina n-ábhair d'orduithe leithleacha aistrithe a aistriú ó chríoch dhá cheann nó níos mó de na Ballstáit (IO L 261, 6.8.2004, lch. 28, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2004/573/oj).

Or. en

Réasúnú

Athraíodh ord Airteagail 12 agus 13 chun an tosaíocht pholaitiúil a thugtar d'fhilleadh deonach a chur in iúl.

Leasú 70

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***I gcás nach bhfuil an náisiúnach tríú tír faoi réir aistriú*** i ***gcomhréir le hAirteagal 12, sonrófar sa chinneadh*** um fhilleadh dáta faoina bhfágfaidh an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát agus ***sonrófar*** ann go bhféadfadh an náisiúnach tríú tír imeacht níos luaithe.	1. ***Sonrófar*** i ***gcinneadh*** um fhilleadh dáta faoina bhfágfaidh an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát agus ***luafar*** ann go bhféadfadh an náisiúnach tríú tír imeacht níos luaithe.

Or. en

Leasú 71

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cinnfear an dáta dá dtagraítear i mír 1 agus aird chuí á tabhairt ar imthosca sonracha an cháis aonair. ***Ní bheidh*** an dáta faoina bhfágfaidh an náisiúnach tríú tír ***níos faide ná*** 30 lá ón dáta a ***dtabharfar*** fógra faoin gcinneadh um fhilleadh.	2. Cinnfear an dáta dá dtagraítear i mír 1 agus aird chuí á tabhairt ar imthosca sonracha an cháis aonair. ***Beidh*** an dáta faoina bhfágfaidh an náisiúnach tríú tír ***idir 7 lá agus*** 30 lá ón dáta a ***thabharfar*** fógra faoin gcinneadh um fhilleadh.

Or. en

Leasú 72

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le tréimhse níos faide nó síneadh a chur leis an tréimhse chun a gcríoch a fhágáil i gcomhréir le mír 1 agus imthosca sonracha an cháis aonair á gcur san áireamh***, amhail naisc theaghlaigh, leanaí a bheith ag freastal ar scoil, rannpháirtíocht i gclár lena dtacaítear le filleadh agus ath-imeascadh de bhun Airteagal 46(3) agus comhlíonadh na hoibleagáide maidir le comhoibriú mar a leagtar amach in Airteagal 21***. Déanfar aon síneadh ***ar*** an tréimhse ***roimh imeachta*** a chur ar fáil i scríbhinn don náisiúnach tríú tír.	3. Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh maidir le tréimhse níos faide nó síneadh a chur leis an tréimhse chun a gcríoch a fhágáil i gcomhréir le mír 1 agus imthosca sonracha an cháis aonair á gcur san áireamh. Déanfar aon síneadh ***leis*** an tréimhse ***chun a gcríoch a fhágáil*** a chur ar fáil i scríbhinn don náisiúnach tríú tír ***i gcomhréir le hAirteagal 24***.

Or. en

Leasú 73

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Fágfaidh an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát faoin dáta a chinnfear de bhun mhír 1. Murab amhlaidh an cás, beidh an náisiúnach tríú tír faoi réir a aistrithe i gcomhréir le hAirteagal ***12***.	4. Fágfaidh an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát faoin dáta a chinnfear de bhun mhír 1. Murab amhlaidh an cás, beidh an náisiúnach tríú tír faoi réir a aistrithe i gcomhréir le hAirteagal ***13a***.

Or. en

Leasú 74

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 13 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 13a

Aistriú

1. Aistreofar an náisiúnach tríú tír atá faoi réir cinneadh um fhilleadh sna cásanna seo a leanas:

a. i gcás ina ndiúltaíonn an náisiúnach tríú tír comhoibriú leis na húdaráis le linn an phróisis um fhilleadh, de shárú ar Airteagal 21;

b. i gcás ina mbogann an náisiúnach tríú tír go Ballstát eile gan údarú, lena n-áirítear le linn na tréimhse arna cinneadh de bhun Airteagal 13;

c. i gcás ina dtagann an náisiúnach tríú tír faoi raon feidhme Airteagal 16;

d. i gcás nár fhág an náisiúnach tríú tír críoch na mBallstát faoin dáta arna chinneadh de bhun Airteagal 13;

e. i gcás ina ndéanann an Ballstát forfheidhmiúcháin cinneadh infhorfheidhmithe um fhilleadh, agus, i gcás inarb ábhartha, ordú aistrithe, arna eisiúint ag Ballstát eile ('an Ballstát eisiúna') de bhun Airteagal 9(1), a aithint.

2. Féadfaidh údaráis inniúla na mBallstát cinneadh riaracháin nó breithiúnach ar leithligh a eisiúint i scríbhinn lena n-ordófar an t-aistriú. I gcás ina bhfuil an tír a mbeifear ag filleadh uirthi arna sonrú sa chinneadh um fhilleadh éagsúil leis an tír arna hainmniú le haghaidh aistriú nó nach bhfuil tagairt sa chinneadh um fhilleadh di, tabharfar fógra cuí don náisiúnach tríú tír, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an gcinneadh críochnaitheach maidir leis an tír a mbeifear ag filleadh uirthi, i gcomhréir le hAirteagal 24.

3. Déanfaidh na húdaráis inniúla náisiúnaigh tríú tír a aistriú i gcomhréir le prionsabal an non-refoulement. Féadfaidh siad brath ar mheasúnú críochnúil atá ann cheana ar na himthosca ábhartha uile a rinneadh le

linn céimeanna den nós imeachta roimhe sin. Déanfar scrúdú cuí ar athruithe ar imthosca agus ar ghnéithe nua lena bhfianaítear riosca má chuireann an náisiúnach tríú tír lena mbaineann na gnéithe nua in iúl a luaithe is féidir. I gcás nach ndearna náisiúnach tríú tír iarratas ar chosaint idirnáisiúnta roimhe sin, ní dhéanfar an measúnú ach amháin arna iarraidh sin. Déanfaidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann aon ghné ábhartha a bhaineann lena chúinsí pearsanta féin nó lena cúinsí pearsanta féin a chur in iúl a luaithe is féidir chun bunús a thabhairt go sáródh an t-aistriú prionsabal an non-refoulement sa chás sin.

4. Maidir le bearta comhéigneacha arna ndéanamh chun aistriú a áirithiú, beidh siad riachtanach agus comhréireach agus ní rachaidh siad, in aon chás, thar thairseach an fhornirt réasúnaigh. Cuirfear chun feidhme iad i gcomhréir leis an dlí náisiúnta agus cearta bunúsacha á n-urramú agus urraim chuí á tabhairt do dhínit an duine agus d'iomláine coirp an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann.

5. Agus aeraistrithe á ndéanamh acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na treoirlínte comhchoiteanna maidir le forálacha slándála le haghaidh aeraistrithe comhpháirteacha a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2004/573/CE.

6. Ag aon chéim den phróiseas, beidh solúbthacht ag na Ballstáit filleadh deonach náisiúnaigh tríú tír atá faoi réir aistriú de réir mhír 1 a éascú nó a cheadú. Sna cásanna sin, déanfaidh na húdaráis inniúla dlúthfhaireachán ar oibleagáidí an náisiúnaigh tríú tír chun comhoibriú, lena n-áirítear trí chúnamh iompair a eagrú chuig an bpointe imeachta ábhartha ón Aontas.

Or. en

Réasúnú

Athraíodh ord Airteagail 12 agus 13 chun an tosaíocht pholaitiúil a thugtar d'fhilleadh deonach a chur in iúl.

Leasú 75

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Cuirfear aistriú de bhun Airteagal ***12*** siar sna himthosca seo a leanas:	1. Cuirfear aistriú de bhun Airteagal ***13a*** siar sna himthosca seo a leanas:

Or. en

Leasú 76

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Féadfar aistriú de bhun Airteagal ***12*** a chur siar ***ar feadh tréimhse iomchuí***, agus imthosca sonracha an cháis aonair á gcur san áireamh.	2. Féadfar aistriú de bhun Airteagal ***13a*** a chur siar, agus imthosca sonracha an cháis aonair á gcur san áireamh.

Or. en

Leasú 77

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Agus cinneadh á dhéanamh acu i gcomhréir le mír 1 nó mír 2, ***tabharfaidh*** na Ballstáit ***dearbhú i scríbhinn don*** náisiúnach tríú tír ***lena mbaineann ina leagfar amach tréimhse*** an chur siar agus a	4. Agus cinneadh á dhéanamh acu i gcomhréir le mír 1 nó mír 2, ***cuirfidh*** na Ballstáit ***an*** náisiúnach tríú tír ***ar an eolas i gcomhréir le hAirteagal 24, trí thréimhse*** an chur siar agus a gcearta le linn na

gcearta le linn na tréimhse sin.	tréimhse sin ***a leagan amach gan moill mhíchuí***.

Or. en

Leasú 78

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 14 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Déanfar athbhreithniú rialta ar ***an gcinneadh aistriú a*** chur siar i gcomhréir le mír 1 nó ***mír*** 2, ***agus gach 6 mhí*** ar ***a laghad***.	5. Déanfar athbhreithniú rialta ar chur siar ***an aistrithe*** i gcomhréir le mír 1 nó 2 ***agus***, ***in aon chás, má thagann athrú*** ar ***na himthosca***.

Or. en

Leasú 79

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le sásra neamhspleách*** chun faireachán a dhéanamh ar urramú na gceart bunúsach le linn ***oibríochtaí*** aistrithe***.*** ***Soláthróidh na Ballstáit acmhainní iomchuí don sásra faireacháin neamhspleách***.	1. Chun faireachán a dhéanamh ar urramú na gceart bunúsach le linn ***aistriú, déanfar Sásra láraithe Eorpach um Fhaireachán ar*** Aistrithe ***a bhunú laistigh de Frontex i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896***.

Or. en

Leasú 80

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Leis an sásra ***faireacháin neamhspleách***roghnófar ***na hoibríochtaí*** aistrithe a ndéanfar faireachán orthu bunaithe ar mheasúnú riosca agus déanfar a ghníomhaíochtaí ar bhonn athbhreithniú deisce agus seiceálacha ar an láthair a d'fhéadfaí nach bhfógrófar iad. ***Cuirfidh na Ballstáit*** an ***comhlacht faireacháin ar an eolas roimh ré faoi oibríochtaí aistrithe atá ar na bacáin agus áiritheoidh siad rochtain ar shuíomhanna ábhartha***.	2. ***Beidh an Sásra Eorpach um Fhaireachán ar Aistrithe inniúil ar fhaireachán a dhéanamh ar gach aistriú, lena n-áirítear na haistrithe sin nach bhfuil á gcomhordú ná á maoiniú ag Frontex, agus na haistrithe a dhéantar chuig tríú tír agus uaithi lena bhfuil comhaontú ann de bhun Airteagal 17.*** Leis an Sásra ***Eorpach um Fhaireachán ar Aistrithe,*** roghnófar aistrithe a ndéanfar faireachán orthu bunaithe ar mheasúnú riosca agus déanfar a ghníomhaíochtaí ar bhonn athbhreithniú deisce agus seiceálacha ar an láthair a d'fhéadfaí nach bhfógrófar iad. ***Cumhdófar leis*** an ***bhfaireachán an t-aistriú ina iomláine, ón gcéim réamhimeachta go dtí aistriú na bhfillithe sa tríú tír a mbeifear ag filleadh uirthi***.

Or. en

Leasú 81

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Líomhaintí réasúnaithe maidir le mainneachtain cearta bunúsacha a urramú le linn ***oibríochtaí*** aistrithe***, déanfar iad a chur*** in iúl don údarás inniúil ***náisiúnta leis*** an ***sásra faireacháin***. ***Déileálfaidh*** na ***húdaráis inniúla*** go héifeachtach ***agus gan moill mhíchuí*** le líomhaintí ***den sórt sin***.	3. ***Leis an Sásra Eorpach um Fhaireachán ar Aistrithe, déanfar faireachán ar chomhlíonadh na bprionsabal agus na n-oibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 5 le linn aistrithe agus déanfar tuairisciú ar a thorthaí, lena n-áirítear aon*** líomhaintí réasúnaithe maidir le mainneachtain cearta bunúsacha a urramú le linn aistrithe***. Cuirfear na torthaí sin*** in iúl don údarás ***náisiúnta*** inniúil***, do stiúrthóir feidhmiúcháin Frontex, d'oifigeach Frontex um chearta bunúsacha, don Choimisiún agus do Ghníomhaireacht*** an ***Aontais Eorpaigh um Chearta***

Bunúsacha. ***Áiritheoidh*** na ***Ballstáit go ndéileálfar*** go héifeachtach ***le haon líomhaintí réasúnaithe maidir*** le ***mainneachtain cearta bunúsacha a urramú le linn aistrithe agus, i gcás inar gá, go ndéanfar imscrúduithe ar na*** líomhaintí ***sin gan moill mhíchuí***.

Or. en

Leasú 82

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Déanfaidh an Sásra Eorpach um Fhaireachán ar Aistrithe faireachán ar dhul chun cinn aon ghníomhaíochta arna dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta mar fhreagairt ar a fhaireachán agus beidh sé de chumhacht aige moltaí bliantúla a eisiúint do na Ballstáit.

Or. en

Leasú 83

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3b. Cuirfidh na Ballstáit an Sásra Eorpach um Fhaireachán ar Aistrithe ar an eolas roimh ré faoi oibríochtaí aistrithe atá ar na bacáin agus áiritheoidh siad go mbeidh rochtain aige ar na suíomhanna agus na doiciméid ábhartha uile, a mhéid is gá an rochtain sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach san Airteagal seo.

Or. en

Leasú 84

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 15 – mír 3 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3c. Cuirfidh an Coimisiún torthaí an tSásra Eorpaigh um Fhaireachán ar Aistrithe san áireamh ina mheasúnú ar chur i bhfeidhm agus cur chun feidhme éifeachtach na Cairte i gcomhréir le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus le hIarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.
	[1a] Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

Or. en

Leasú 85

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme an Airteagail seo, beidh siad faoi réir ***a n-aistrithe*** i gcomhréir le hAirteagal ***12***.	2. Náisiúnaigh tríú tír a thagann faoi raon feidhme an Airteagail seo, beidh siad faoi réir ***aistriú*** i gcomhréir le hAirteagal ***13a***.

Or. en

Leasú 86

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 16 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a. toirmeasc ar dhul isteach arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 10 ***a théann thar an uastréimhse dá dtagraítear in Airteagal 10(6) le huastréimhse bhreise 10 mbliana***;	a. toirmeasc ar dhul isteach arna eisiúint i gcomhréir le hAirteagal 10;

Or. en

Leasú 87

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Filleadh ar thríú tír lena bhfuil comhaontú ***nó socrú*** ann	Filleadh ar thríú tír lena bhfuil comhaontú ann

Or. en

Leasú 88

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh de réir bhrí ***phointe*** (3)(g)***den chéad mhír d'Airteagal 4***, ceanglaítear comhaontú ***nó socrú*** a thabhairt i gcrích le tríú tír***.*** Ní ***fhéadfar comhaontú nó socrú den sórt sin a thabhairt i gcrích le tríú tír ach amháin i gcás ina n-urramaítear caighdeáin agus prionsabail idirnáisiúnta maidir le cearta an duine*** i gcomhréir leis an ***dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear prionsabal an non-refoulement***.	1. Maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh de réir bhrí ***Airteagal 4, an chéad mhír, pointe*** (3)(g), ceanglaítear comhaontú a thabhairt i gcrích le tríú tír ***agus*** ní ***dhéanfar é a mheas ach amháin dóibh siúd nach bhfilleann go deonach, in ainneoin tacaíocht leormhaith a fháil, nó nach féidir a fhilleadh go héigeantach ar cheann de na tíortha eile a mbeifear ag filleadh orthu*** i gcomhréir leis an ***ord tosaíochta a leagtar amach in Airteagal 4(3)***.

Or. en

Leasú 89

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. Déanfaidh Ballstát nó an tAontas comhaontú de bhun mhír 1 a thabhairt i gcrích le tríú tír. Beidh an comhaontú sin i gcomhréir le hAirteagal 5.

Or. en

Leasú 90

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Leagfar amach an méid seo a leanas i gcomhaontú ***nó i socrú*** de bhun mhír 1:	2. Leagfar amach an méid seo a leanas i gcomhaontú de bhun mhír 1:

Or. en

Leasú 91

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. na coinníollacha maidir le fanacht an náisiúnaigh tríú tír sa tríú tír dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear oibleagáidí agus freagrachtaí an Bhallstáit agus an tríú tír sin faoi seach;	b. na coinníollacha maidir le fanacht an náisiúnaigh tríú tír sa tríú tír dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear oibleagáidí agus freagrachtaí an Bhallstáit ***nó an Aontais*** agus an tríú tír sin faoi seach;

Or. en

Leasú 92

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d. oibleagáidí an tríú tír dá dtagraítear ***sa dara habairt de mhír*** 1;	d. oibleagáidí an tríú tír dá dtagraítear ***i mír*** 1;

Or. en

Leasú 93

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e. comhlacht nó sásra neamhspleách chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach an chomhaontaithe ***nó an tsocraithe***;	e. comhlacht nó sásra neamhspleách***, ag a bhfuil na hacmhainní agus na modhanna iomchuí,*** chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm éifeachtach an chomhaontaithe;

Or. en

Leasú 94

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ea. an faireachán ar aistrithe arna ndéanamh de bhun Airteagal 15;

Or. en

Leasú 95

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 2 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
f. na hiarmhairtí ***atá le tarraingt*** i gcás sáruithe ar an gcomhaontú nó ***ar an socrú nó*** i gcás athrú mór ***lena n-imrítear*** drochthionchar ar staid an tríú tír.	f. na hiarmhairtí ***a bheadh ann*** i gcás sáruithe ar an gcomhaontú nó i gcás athrú mór ***ag a mbeadh*** drochthionchar ar staid an tríú tír.

Or. en

Leasú 96

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 17 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Sula dtabharfar comhaontú ***nó socrú*** i gcrích de bhun mhír 1, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún agus na Ballstáit eile ar an eolas.	3. Sula dtabharfar comhaontú i gcrích de bhun mhír 1, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún***, Parlaimint na hEorpa*** agus na Ballstáit eile ar an eolas ***faoin méid sin***.

Or. en

Leasú 97

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 19 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Más rud é, mar thoradh ar ráitis ón náisiúnach tríú tír, ar an bhfianaise dhoiciméadach atá ar fáil nó ar thásca ábhartha eile, go bhfuil amhras ann an mionaoiseach é nó í nó nach ea, féadfaidh an t-údarás inniúil measúnú ildisciplíneach a dhéanamh, lena n-áirítear measúnú síceasóisialta, a dhéanfaidh gairmithe cáilithe, chun aois an náisiúnaigh tríú tír a chinneadh. Beidh feidhm ag Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1348 de réir analaí maidir leis an measúnú sin.	Más rud é, mar thoradh ar ráitis ón náisiúnach tríú tír, ar an bhfianaise dhoiciméadach atá ar fáil nó ar thásca ábhartha eile, go bhfuil amhras ann an mionaoiseach é nó í nó nach ea, féadfaidh an t-údarás inniúil measúnú ildisciplíneach a dhéanamh, lena n-áirítear measúnú síceasóisialta, a dhéanfaidh gairmithe cáilithe, chun aois an náisiúnaigh tríú tír a chinneadh. Beidh feidhm ag Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2024/1348 de réir analaí maidir leis an measúnú sin. ***Féadfar a mheas gur leor measúnú aoise a rinneadh in imeachtaí riaracháin nó breithiúnacha roimhe sin in aon Bhallstát chun aois náisiúnaigh tríú tír a mhaíonn gur mionaoiseach é nó í a chinneadh.***

Or. en

Leasú 98

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Sula gcinnfear cinneadh um fhilleadh a eisiúint i ndáil le mionaoiseach neamhthionlactha, cuirfear cúnamh ó chomhlachtaí iomchuí seachas na húdaráis a fhorfheidhmíonn filleadh ar fáil i gcomhréir le leas an linbh.	***scriosta***

Or. en

Leasú 99

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Ionadaí ***nó duine atá oilte chun leas an linbh*** a ***choimirciú, ceapfar é*** chun ionadaíocht a dhéanamh, cúnamh a thabhairt agus gníomhú, de réir mar is infheidhme, ***thar ceann mionaoiseach neamhthionlactha*** sa phróiseas um fhilleadh. Áiritheofar go mbeidh oiliúint iomchuí ***ar an ionadaí ceaptha*** i gcumarsáid atá oiriúnach do leanaí agus oiriúnach dá n-aois agus go mbeidh teanga a thuigeann an mionaoiseach ar a ***dtoil*** aige. Is é a bheidh sa duine sin an duine a ainmnítear chun gníomhú mar ionadaí faoi Threoir (AE) 2024/1346 i gcás inar ainmníodh an duine i gcomhréir le hAirteagal 27 den Treoir sin.	2. ***Ceapfar*** ionadaí ***gan moill mhíchuí tar éis aois náisiúnaigh tríú tír*** a ***chinneadh de bhun Airteagal 19*** chun ionadaíocht a dhéanamh ***don mhionaoiseach neamhthionlactha***, ***chun*** cúnamh a thabhairt ***dó*** agus ***chun*** gníomhú ***thar a cheann***, de réir mar is infheidhme, sa phróiseas um fhilleadh. Áiritheofar ***go ngníomhóidh an t-ionadaí ceaptha go neamhspleách,*** go mbeidh oiliúint iomchuí ***air*** i gcumarsáid atá oiriúnach do leanaí agus oiriúnach dá n-aois agus go mbeidh teanga a thuigeann an mionaoiseach ar a ***thoil*** aige ***nó go n-oibreoidh sé in éineacht le hateangaire nó aistritheoir***. Is é a bheidh sa duine sin an duine a ainmnítear chun gníomhú mar ionadaí faoi Threoir (AE) 2024/1346 i gcás inar ainmníodh an duine i gcomhréir le hAirteagal 27 den Treoir sin. ***Féadfaidh an t-údarás inniúil duine a cheapadh atá oilte chun leas an linbh a choimirciú go dtí go gceapfar ionadaí.***

Or. en

Leasú 100

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 20 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Tabharfar éisteacht don mhionaoiseach neamhthionlactha, go díreach nó tríd an ionadaí nó tríd an duine oilte dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear i gcomhthéacs leas an linbh a chinneadh. Sula ndéanfar mionaoiseach neamhthionlactha a aistriú ó chríoch	3. Tabharfar éisteacht don mhionaoiseach neamhthionlactha, go díreach nó tríd an ionadaí nó tríd an duine oilte ***atá ag gníomhú go sealadach thar ceann an linbh go dtí go gceapfar ionadaí,*** dá dtagraítear i mír 2, lena n-áirítear i gcomhthéacs leas an linbh a

Ballstáit, beidh údaráis an Bhallstáit sin sásta go ndéanfar an mionaoiseach sin a fhilleadh chuig ball teaghlaigh de chuid an mhionaoisigh sin, chuig caomhnóir ainmnithe nó chuig saoráidí glactha ***leordhóthanacha sa Stát*** a ***mbeidh an mionaoiseach*** ag filleadh ***air***.	chinneadh. Sula ndéanfar mionaoiseach neamhthionlactha a aistriú ó chríoch Ballstáit, beidh údaráis an Bhallstáit sin sásta go ndéanfar an mionaoiseach sin a fhilleadh chuig ball teaghlaigh de chuid an mhionaoisigh sin, chuig caomhnóir ainmnithe nó chuig saoráidí glactha ***leormhaithe a bheidh in ann cóiríocht*** a ***thabhairt dó nó di sa tír a mbeifear*** ag filleadh ***uirthi***.
	Or. en

Leasú 101

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Oibleagáid ***comhair***	Oibleagáid ***chun comhoibriú agus infhaighteacht le linn an phróisis um fhilleadh***
	Or. en

Leasú 102

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Beidh sé d'oibleagáid ar náisiúnaigh tríú tír comhoibriú le húdaráis inniúla na mBallstát ag gach céim de na nósanna imeachta um fhilleadh agus um athligean isteach ***agus an oibleagáid a chomhlíonadh críoch na mBallstát a fhágáil***. Cuirfidh náisiúnaigh tríú tír faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla maidir le haon athruithe ábhartha ar a staid aonair atá ábhartha chun críche ***Airteagal 5***, gan moill mhíchuí.	1. Urramóidh náisiúnaigh tríú tír ***a n-oibleagáid críoch an Aontais a fhágáil de bhun Airteagal 7(1) agus*** beidh sé d'oibleagáid orthu comhoibriú le húdaráis inniúla na mBallstát ag gach céim de na nósanna imeachta um fhilleadh agus um athligean isteach. Cuirfidh náisiúnaigh tríú tír faisnéis ar fáil do na húdaráis inniúla maidir le haon athruithe ábhartha ar a staid aonair atá ábhartha chun críche ***an Rialacháin seo***, gan moill mhíchuí.

Or. en

Leasú 103

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a. fanacht ar chríoch an Bhallstáit ***atá inniúil i leith an nós imeachta um fhilleadh a bhfuil an náisiúnach tríú tír faoina réir*** gan ealú ***chuig Ballstát eile***;	a. go leanfaidh siad de bheith ***ar fáil do na húdaráis inniúla*** ar chríoch an Bhallstáit agus nach n-ealóidh siad ***i gcomhréir le hAirteagal 21(3), agus, go háirithe, go mbeidh siad le feiceáil le haghaidh imeacht an iompair um fhilleadh***;

Or. en

Leasú 104

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c. gan doiciméid ***den sórt sin*** a scriosadh ná a dhiúscairt ar shlí eile, ***ailiasanna a úsáid le*** hintinn ***chalaoiseach, faisnéis bhréagach eile a sholáthar i bhfoirm ó bhéal nó i scríbhinn, nó cur i gcoinne*** an nós imeachta um fhilleadh nó um athligean isteach ***go calaoiseach ar bhealach eile***;	c. gan doiciméid a scriosadh ná a dhiúscairt ar shlí eile ***le*** hintinn ***bac a chur ar*** an nós imeachta um fhilleadh nó um athligean isteach;

Or. en

Leasú 105

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ca. ní úsáidfidh siad ailiasanna le hintinn chalaoiseach, ní sholáthróidh siad faisnéis bhréagach eile ó bhéal, i scríbhinn nó ar shlí eile, chun críche údaráis a chur ar míthreoir agus chun cur i gcoinne filleadh dleathach nó athligean isteach go calaoiseach;

Or. en

Leasú 106

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
g. sonraí teagmhála beachta a sholáthar, lena n-áirítear an áit chónaithe reatha, seoladh, uimhir theileafóin mar ar féidir teacht orthu agus, i gcás ina mbeidh fáil air, seoladh ríomhphoist;	g. sonraí teagmhála beachta a sholáthar***, arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla,*** lena n-áirítear an áit chónaithe reatha, seoladh, uimhir theileafóin mar ar féidir teacht orthu agus, i gcás ina mbeidh fáil air, seoladh ríomhphoist;

Or. en

Leasú 107

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe i

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
i. a bheith ar fáil i gcomhréir le hAirteagal 23 ar feadh na nósanna imeachta um fhilleadh agus um athligean isteach, agus go háirithe go mbeidh siad le feiceáil go háirithe le haghaidh imeacht an iompair um fhilleadh;	***scriosta***

Or. en

Leasú 108

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 – pointe l

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
l. i gcás ina gceanglaíonn na húdaráis inniúla é, páirt a ghlacadh i gcomhairleoireacht maidir le filleadh agus ath-imeascadh.	***scriosta***

Or. en

Leasú 109

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Chun filleadh tapa éifeachtúil éifeachtach a áirithiú, fanfaidh náisiúnaigh tríú tír, ar feadh ré an nós imeachta um fhilleadh, ar chríoch an Bhallstáit dá dtagraítear i mír 2, pointe (a), agus beidh siad faoi réir ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:
	a. leithdháileadh ar limistéar geografach laistigh de chríoch an Bhallstáit inar féidir leo gluaiseacht faoi shaoirse;
	b. áit chónaithe ag seoladh sonrach;
	c. tuairisciú do na húdaráis inniúla ag am sonraithe nó ag eatraimh réasúnacha.
	Ní bheidh feidhm ag an mír sin ach amháin a mhéid atá sí ag luí le riachtanais speisialta daoine leochaileacha agus le leas an linbh.
	Na cinntí a dhéanfar de bhun phointí (b) agus (c), déanfar i scríbhinn iad agus i

gcomhréir le hAirteagal 24, beidh siad comhréireach agus cuirfear san áireamh leo imthosca sonracha an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann.

Or. en

Leasú 110

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Maidir leis an bhfaisnéis agus leis an doiciméadacht a cheanglaítear de bhun mhír 3, féadfaidh na húdaráis inniúla an ceanglas a chur ar fionraí arna iarraidh sin don náisiúnach tríú tír. Déanfar cinneadh chun an ceanglas a chur ar fionraí go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta ar fhiúntais an cháis aonair. I gcás ina ndéanfar cinneadh diúltach, déanfar na cúiseanna a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 24.

Or. en

Leasú 111

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 21 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. Ní cheanglófar ar an náisiúnach tríú tír cead a iarraidh chun freastal ar choinní leis na húdaráis agus leis na cúirteanna más gá don náisiúnach tríú tír sin freastal orthu. Tabharfaidh an náisiúnach tríú tír fógra do na húdaráis inniúla faoi na coinní sin.

Or. en

Leasú 112

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – pointe 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(4) cead oibre a dhiúltú nó a tharraingt siar, de bhun an dlí náisiúnta;	***scriosta***

Or. en

Leasú 113

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – pointe 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(5) síneadh a chur le fad toirmisc ar dhul isteach i gcomhréir le hAirteagal 10(7);	***scriosta***

Or. en

Leasú 114

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 22 – mír 1 – pointe 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) pionóis airgeadais.	***scriosta***

Or. en

Leasú 115

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 23

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 23	***scriosta***
Infhaighteacht don phróiseas um fhilleadh	
1. Chun filleadh tapa éifeachtúil éifeachtach a áirithiú, beidh náisiúnaigh tríú tír, ar feadh ré an nós imeachta um fhilleadh, faoi réir ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas:	
a. leithdháileadh ar limistéar geografach laistigh de chríoch an Bhallstáit inar féidir leo gluaiseacht faoi shaoirse;	
b. áit chónaithe ag seoladh sonrach;	
c. tuairisciú do na húdaráis inniúla ag am sonraithe nó ag eatraimh réasúnacha.	
2. Ní chuirfear mír 1 i bhfeidhm ach amháin a mhéid atá sí ag luí le riachtanais speisialta daoine leochaileacha agus le leas an linbh.	
3. Arna iarraidh sin, féadfaidh údaráis inniúla cead a thabhairt don náisiúnach tríú tír an méid seo a leanas a dhéanamh:	
a. an limistéar geografach a fhágáil go sealadach ar chúiseanna teaghlaigh práinneacha tromchúiseacha a bhfuil údar cuí leo nó ar chóir leighis riachtanach nach bhfuil ar fáil laistigh den limistéar geografach;	
b. cónaí go sealadach lasmuigh den áit arna hainmniú i gcomhréir le mír 1, pointe (b);	
c. gan an oibleagáid tuairiscithe a chomhlíonadh ar bhonn sealadach.	
4. Déanfar cinntí maidir leis na ceadanna a liostaítear i mír 3, an chéad fhomhír, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta ar fhiúntas an cháis aonair agus tabharfar na cúiseanna mura ndeonaítear an cead sin.	

5. Ní cheanglófar ar an náisiúnach tríú tír cead a iarraidh chun freastal ar choinní leis na húdaráis agus leis na cúirteanna más gá don náisiúnach tríú tír sin freastal orthu. Tabharfaidh an náisiúnach tríú tír fógra do na húdaráis inniúla faoi na coinní sin.

6. Na cinntí a dhéanfar i gcomhréir le mír 1, pointí (b) agus (c), déanfar i scríbhinn iad, beidh siad comhréireach agus cuirfear san áireamh leo imthosca sonracha an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann.

Or. en

Réasúnú

Tá Airteagal 23 comhtháite in Airteagal 21.

Leasú 116

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a. cuspóir, fad agus céimeanna an nós imeachta um fhilleadh chomh maith le faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil agus na teorainneacha ama chun na leigheasanna sin a lorg;	a. cuspóir, fad agus céimeanna an nós imeachta um fhilleadh chomh maith le faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil, ***lena n-áirítear cúnamh agus ionadaíocht,*** agus na teorainneacha ama chun na leigheasanna sin a lorg;

Or. en

Leasú 117

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír le linn an nós imeachta um fhilleadh	b. cearta agus oibleagáidí náisiúnach tríú tír le linn an nós imeachta um fhilleadh

mar a leagtar amach in Airteagal 21 ***agus in Airteagal 23***, na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh de bhun Airteagal 22, foláireamh maidir le filleadh a bheith ann i gCóras Faisnéise Schengen maidir leis an duine, agus aitheantas agus forghníomhú cinnidh um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát eile i gcomhréir le hAirteagal 9;	mar a leagtar amach in Airteagal 21, na hiarmhairtí a bhaineann le neamhchomhlíonadh de bhun Airteagal 22, foláireamh maidir le filleadh a bheith ann i gCóras Faisnéise Schengen maidir leis an duine, agus aitheantas agus forghníomhú cinnidh um fhilleadh arna eisiúint ag Ballstát eile i gcomhréir le hAirteagal 9;
	Or. en

Leasú 118

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tabharfar an fhaisnéis a chuirfear ar fáil gan moill mhíchuí i dteanga shimplí inrochtana agus i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó i dteanga a cheaptar le réasún go bhfuil an náisiúnach tríú tír in ann í a thuiscint, lena n-áirítear trí aistriúchán agus ateangaireacht i scríbhinn nó ó bhéal de réir mar is gá. Soláthrófar an fhaisnéis sin trí bhíthin bileoga faisnéise caighdeánacha, i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach. I gcás mionaoiseach, cuirfear an fhaisnéis ar fáil ar bhealach atá fabhrach do leanaí agus oiriúnach dá n-aois le rannpháirtíocht shealbhóir na freagrachta tuismitheora nó an ionadaí dá dtagraítear in Airteagal 20(2). ***Tabharfar an deis don náisiúnach tríú tír a dheimhniú go bhfuair sé nó sí an*** fhaisnéis.	2. Tabharfar an fhaisnéis a chuirfear ar fáil gan moill mhíchuí i dteanga shimplí inrochtana agus i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó i dteanga a cheaptar le réasún go bhfuil an náisiúnach tríú tír in ann í a thuiscint, lena n-áirítear trí aistriúchán agus ateangaireacht i scríbhinn nó ó bhéal de réir mar is gá. Soláthrófar an fhaisnéis sin trí bhíthin bileoga faisnéise caighdeánacha, i bhfoirm páipéir nó i bhfoirm leictreonach. I gcás mionaoiseach, cuirfear an fhaisnéis ar fáil ar bhealach atá fabhrach do leanaí agus oiriúnach dá n-aois le rannpháirtíocht shealbhóir na freagrachta tuismitheora nó an ionadaí dá dtagraítear in Airteagal 20(2). ***Cuirfidh an Coimisiún míniú amhairc ar fáil i mbileoga dóibh siúd nach féidir leo léamh.*** Tarraingeofar ***suas na bileoga eolais sin ar bhealach a chuirfidh ar chumas na mBallstát iad a chomhlánú le*** faisnéis ***bhreise atá sonrach don Bhallstát lena mbaineann agus cuirfear san áireamh iontu sainiúlachtaí iarratasóirí leochaileacha, mar shampla mionaoisigh***

nó daoine faoi mhíchumas.

Or. en

Leasú 119

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 24 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Tabharfar an deis don náisiúnach tríú tír a dheimhniú go bhfuair sé nó sí an fhaisnéis.

Or. en

Leasú 120

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcás achomharc nó athbhreithniú os comhair údarás breithiúnach i gcomhréir le hAirteagal 27, áiritheoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don náisiúnach tríú tír, go gcuirfear cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ar fáil de réir mar is gá chun an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a áirithiú.	1. I gcás achomharc nó athbhreithniú os comhair údarás breithiúnach i gcomhréir le hAirteagal 27, áiritheoidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don náisiúnach tríú tír, go gcuirfear cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ar fáil de réir mar is gá chun an ceart chun leigheas éifeachtach agus triail chóir a áirithiú. ***Ní dhéanfaidh cúnamh den sórt sin difear d'aon chúnamh dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) 2024/1348.***

Or. en

Leasú 121

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Is éard a bheidh sa chúnamh dlí agus san ionadaíocht dhlíthiúil ullmhú an achomhairc nó na hiarrata ar athbhreithniú, lena n-áirítear, ar a laghad, ullmhú na ndoiciméad nós imeachta a cheanglaítear faoin dlí náisiúnta agus, i gcás éisteachta, rannpháirtíocht san éisteacht sin os comhair údarás breithiúnach chun feidhmiú éifeachtach an chirt chun cosanta a áirithiú. Ní dhéanfaidh cúnamh den sórt sin difear d'aon chúnamh dá bhforáiltear faoi Rialachán (AE) 2024/1348.	***scriosta***

Or. en

Leasú 122

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Soláthróidh comhairleoirí dlí nó daoine eile atá cáilithe go cuí cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce, mar a aithnítear nó mar a cheadaítear faoin dlí náisiúnta, nach bhfuil a leasanna ag teacht salach ar leasanna an náisiúnaigh tríú tír ***nó nach bhféadfadh*** a leasanna ***teacht salach ar*** leasanna an náisiúnaigh tríú tír.	4. Soláthróidh comhairleoirí dlí nó daoine eile atá cáilithe go cuí cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce, mar a aithnítear nó mar a cheadaítear faoin dlí náisiúnta, nach bhfuil a leasanna ag teacht salach ar leasanna an náisiúnaigh tríú tír.

Or. en

Leasú 123

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 7 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a. teorainneacha airgeadaíochta nó ama a fhorchur ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar, ar choinníoll nach bhfuil na teorainneacha sin treallach agus nach gcuireann siad srian míchuí ar rochtain ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce ***ná nach mbaineann siad an bonn d'fheidhmiú an chirt chun cosanta***;	a. teorainneacha airgeadaíochta nó teorainneacha ama a fhorchur maidir le cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar, ar choinníoll nach bhfuil na teorainneacha sin treallach agus nach gcuireann siad srian míchuí ar rochtain ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce;

Or. en

Leasú 124

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 7 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. aisíocaíocht iomlán nó pháirteach a iarraidh ar ***aon*** chostas a tabhaíodh i gcás ina bhfuil feabhas tagtha ar staid airgeadais an náisiúnaigh tríú tír le linn an nós imeachta um fhilleadh nó i gcás ina ndearnadh an cinneadh cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar ar bhonn faisnéis bhréagach arna soláthar ag an náisiúnach tríú tír;	b. aisíocaíocht iomlán nó pháirteach a iarraidh ar ***na*** costais a tabhaíodh i gcás ina bhfuil feabhas ***mór*** tagtha ar staid airgeadais an náisiúnaigh tríú tír le linn an nós imeachta um fhilleadh nó i gcás ina ndearnadh an cinneadh cúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a sholáthar ar bhonn faisnéis bhréagach arna soláthar ag an náisiúnach tríú tír***, agus chuige sin nach mór do náisiúnaigh tríú tíortha na húdaráis inniúla a chur ar an eolas láithreach faoi aon athrú suntasach ar a staid airgeadais***;

Or. en

Leasú 125

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 7 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c. foráil a dhéanamh, maidir le táillí agus costais agus aisíocaíochtaí eile, go gcaithfear le náisiúnaigh tríú tír ar bhealach atá cothrom leis an gcaoi a gcaitear lena náisiúnaigh i gcoitinne i gcúrsaí a bhaineann le cúnamh dlí, ach gan a bheith níos fabhraí ná an chóir sin.	c. foráil a dhéanamh, maidir le ***rochtain,*** táillí agus costais agus aisíocaíochtaí eile, go gcaithfear le náisiúnaigh tríú tír ar bhealach atá cothrom leis an gcaoi a gcaitear lena náisiúnaigh i gcoitinne i gcúrsaí a bhaineann le cúnamh dlí, ach gan a bheith níos fabhraí ná an chóir sin.

Or. en

Leasú 126

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 25 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha sonracha nós imeachta lena rialófar an bealach ina ndéanfar iarrataí ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a chomhdú agus a phróiseáil, nó rialacha atá ann cheana a chur i bhfeidhm maidir le héilimh intíre de chineál comhchosúil, ar choinníoll nach bhfágfaidh na rialacha sin go mbeidh sé ródheacair nó dodhéanta rochtain a fháil ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce.	8. Leagfaidh na Ballstáit síos rialacha sonracha nós imeachta lena rialófar an bealach ina ndéanfar iarrataí ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce a chomhdú agus a phróiseáil, nó rialacha atá ann cheana a chur i bhfeidhm maidir le héilimh intíre de chineál comhchosúil, ar choinníoll ***nach mbeidh*** na rialacha sin ***níos srianta nó*** nach bhfágfaidh na rialacha sin go mbeidh sé ródheacair nó dodhéanta rochtain a fháil ar chúnamh dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce.

Or. en

Leasú 127

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tabharfar leigheas éifeachtach don náisiúnach tríú tír lena mbaineann chun	1. Tabharfar leigheas éifeachtach don náisiúnach tríú tír lena mbaineann chun

agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí dá dtagraítear in Airteagal 7, Airteagal 10 agus Airteagal ***12(2)*** os comhair údarás breithiúnach inniúil.	agóid a dhéanamh i gcoinne na gcinntí dá dtagraítear in Airteagal 7, Airteagal 10 agus Airteagal ***13(2)*** os comhair údarás breithiúnach inniúil.

Or. en

Leasú 128

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 26 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfíoróidh an t-údarás breithiúnach inniúil comhlíonadh na gceanglas a eascraíonn as prionsabal an non-refoulement, arna iarraidh sin don náisiúnach tríú tír nó ex officio.	***scriosta***

Or. en

Leasú 129

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tosóidh na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1 ag rith ón dáta a dtabharfar fógra faoi aon cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 7, in Airteagal 10 agus in Airteagal 12(2) don náisiúnach tríú tír, ***nó ó dháta eile a bheidh le cinneadh leis an dlí náisiúnta,*** go háirithe nuair a bheidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann tar éis ealú.	2. Tosóidh na teorainneacha ama dá dtagraítear i mír 1 ag rith ón dáta a dtabharfar fógra faoi aon cheann de na cinntí dá dtagraítear in Airteagal 7, in Airteagal 10 agus in Airteagal 12(2) don náisiúnach tríú tír, go háirithe nuair a bheidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann tar éis ealú.

Or. en

Leasú 130

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 27 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás ina n-eiseofar toirmeasc ar dhul isteach in éineacht le cinneadh um fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 7, déanfar achomharc ina aghaidh go comhpháirteach leis an gcinneadh sin um fhilleadh, os comhair an údaráis bhreithiúnaigh chéanna agus laistigh de na himeachtaí breithiúnacha céanna agus laistigh de na teorainneacha ama céanna. I gcás ina n-eisítear toirmeasc ar dhul isteach ar leithligh ón gcinneadh um fhilleadh nó inarb é an t-aon chinneadh é a bhfuil agóid le déanamh ina choinne, féadfar achomharc a dhéanamh ina choinne ar leithligh. Beidh na teorainneacha ama chun imeachtaí breithiúnacha ar leithligh den sórt sin a thionscnamh mar an gcéanna leis na teorainneacha ama a leagtar síos i gcás ina ndéanfar achomharc comhpháirteach i gcoinne an toirmisc ar dhul isteach leis an gcinneadh um fhilleadh.	4. I gcás ina n-eiseofar toirmeasc ar dhul isteach ***nó ordú aistrithe*** in éineacht le cinneadh um fhilleadh dá dtagraítear in Airteagal 7, déanfar achomharc ina aghaidh go comhpháirteach leis an gcinneadh sin um fhilleadh, os comhair an údaráis bhreithiúnaigh chéanna agus laistigh de na himeachtaí breithiúnacha céanna agus laistigh de na teorainneacha ama céanna. I gcás ina n-eisítear toirmeasc ar dhul isteach ar leithligh ón gcinneadh um fhilleadh nó inarb é an t-aon chinneadh é a bhfuil agóid le déanamh ina choinne, féadfar achomharc a dhéanamh ina choinne ar leithligh. Beidh na teorainneacha ama chun imeachtaí breithiúnacha ar leithligh den sórt sin a thionscnamh mar an gcéanna leis na teorainneacha ama a leagtar síos i gcás ina ndéanfar achomharc comhpháirteach i gcoinne an toirmisc ar dhul isteach leis an gcinneadh um fhilleadh.

Or. en

Leasú 131

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Éifeacht fionraíochta	***Éifeachtaí achomhairc***

Or. en

Leasú 132

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfar forfheidhmiú na gcinntí arna n-eisiúint de bhun Airteagal 7, Airteagal 10 agus Airteagal 12(2) a chur ar fionraí ***go dtí go rachaidh an teorainn ama in éag ar laistigh di is féidir leo a gceart chun leighis éifeachtaigh a fheidhmiú os comhair údarás breithiúnach céadchéime dá dtagraítear in Airteagal 27***.	1. ***Féadfaidh náisiúnaigh tríú tír iarraidh a chur isteach chun forfheidhmiú cinnidh um fhilleadh a chur ar fionraí.*** Ní dhéanfar forfheidhmiú na gcinntí arna n-eisiúint de bhun Airteagal 7, Airteagal 10 agus Airteagal ***13a(2)*** a chur ar fionraí ***ach amháin a mhéid is gá chun a áirithiú nach mbeidh aon riosca ann go sárófar prionsabal an non-refoulement i gcomhréir leis an gCairt***.

Or. en

Leasú 133

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. ***Tabharfar an ceart do náisiúnaigh tríú tír iarratas a chur isteach chun forfheidhmiú cinnidh um fhilleadh a chur ar fionraí sula rachaidh an teorainn ama in éag faoinar féidir leo a gceart chun leigheas éifeachtach a fheidhmiú sula rachaidh údarás breithiúnach céadchéime dá dtagraítear in Airteagal 27 in éag.*** Beidh sé de chumhacht ag údarás breithiúnach a chinneadh, tar éis scrúdú a dhéanamh ar fhíorais agus ar phointí dlí araon, ar cheart forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh a chur ar fionraí nó nár cheart go dtí go bhfaighfear toradh an leighis. ***Cuirfear forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh ar fionraí i gcás ina mbeidh riosca ann go sárófar prionsabal an non-refoulement***.	2. Beidh sé de chumhacht ag údarás breithiúnach a chinneadh, tar éis scrúdú a dhéanamh ar fhíorais agus ar phointí dlí araon, ar cheart forfheidhmiú an chinnidh um fhilleadh a chur ar fionraí nó nár cheart go dtí go bhfaighfear toradh an leighis.

Or. en

Leasú 134

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 28 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. I gcás ina dtaiscfear achomharc eile i gcoinne an chéad chinnidh achomhairc nó i gcoinne cinneadh achomhairc a dhéanfar ina dhiaidh sin, ní chuirfear forfheidhmiú cinnidh um fhilleadh ar fionraí ach amháin má iarrann an náisiúnach tríú tír fionraí agus má chinneann údarás breithiúnach inniúil é a dheonú, agus aird chuí á tabhairt ar imthosca sonracha an cháis aonair.	3. I gcás ina dtaiscfear achomharc eile i gcoinne an chéad chinnidh achomhairc nó i gcoinne cinneadh achomhairc a dhéanfar ina dhiaidh sin, ní chuirfear forfheidhmiú cinnidh um fhilleadh ar fionraí ach amháin má iarrann an náisiúnach tríú tír fionraí ***arís*** agus má chinneann údarás breithiúnach inniúil é a dheonú, agus aird chuí á tabhairt ar imthosca sonracha an cháis aonair.

Or. en

Leasú 135

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 29

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 29	***scriosta***
Forais choinneála	
1. Féadfaidh na Ballstáit náisiúnach tríú tír a choinneáil de bhun an Rialacháin seo ar bhonn measúnú aonair ar gach cás agus sa mhéid go bhfuil an choinneáil comhréireach, agus sa mhéid sin amháin.	
2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit náisiúnach tríú tír a choinneáil ach amháin chun an filleadh a ullmhú nó chun an t-aistriú a chur i gcrích.	
3. Ní fhéadfar náisiúnach tríú tír a choinneáil ach amháin ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na forais choinneála seo a leanas:	

a. riosca éalaithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 30;

b. seachnaíonn an náisiúnach tríú tír an t-ullmhúchán don fhilleadh nó don phróiseas aistrithe nó cuireann sé bac ar an ullmhúchán sin;

c. baineann rioscaí slándála leis an náisiúnach tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 16;

d. chun céannacht nó náisiúntacht an iarratasóra a chinneadh nó a fhíorú;

e. neamhchomhlíonadh na mbeart a ordaíodh de bhun Airteagal 31.

4. Déanfar na forais choinneála sin a leagan síos sa dlí náisiúnta.

5. Déanfaidh údaráis riaracháin nó údaráis bhreithiúnacha coinneáil a ordú. Ordófar coinneáil trí chinneadh i scríbhinn ina dtabharfar na cúiseanna, de réir fíorais agus dlí, ar a bhfuil sí bunaithe chomh maith le faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil. Tabharfar fógra faoin gcinneadh don náisiúnach tríú tír i dteanga a thuigeann an náisiúnach tríú tír nó i dteanga a bhféadfaí glacadh leis le réasún go dtuigfeadh an náisiúnach tríú tír í.

6. Agus náisiúnach tríú tír á choinneáil de bhun mhír 2, cuirfidh na Ballstáit san áireamh aon chomharthaí infheicthe, aon ráitis infheicthe nó aon iompraíocht infheicthe a bhaineann leis an náisiúnach tríú tír, nó a rinne nó a léirigh an náisiúnach tríú tír, lena léirítear gur duine leochaileach é nó í.

Or. en

Réasúnú

Athraíodh ord Airteagail 29, 30 agus 31 chun seicheamh nós imeachta chur i bhfeidhm na coinneála a léiriú, agus tús áite á thabhairt d'úsáid roghanna malartacha ar choinneáil. Is é seo a leanas an t-ord nua: riosca éalaithe, roghanna malartacha ar choinneáil, forais choinneála.

Leasú 136

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. tá an náisiúnach tríú tír faoi réir cinneadh um fhilleadh nó ***cinneadh forfheidhmiúcháin*** arna eisiúint ag Ballstát seachas an Ballstát a bhfuil an duine ag fanacht go neamhdhleathach ar a chríoch faoi láthair, lena n-áirítear mar a bhraitear trí na foláirimh a iontráiltear i gCóras Faisnéise Schengen de bhun Rialachán (AE) 2018/1860;	b. tá an náisiúnach tríú tír faoi réir cinneadh um fhilleadh nó ***ordú aistrithe*** arna eisiúint ag Ballstát seachas an Ballstát a bhfuil an duine ag fanacht go neamhdhleathach ar a chríoch faoi láthair, lena n-áirítear mar a bhraitear trí na foláirimh a iontráiltear i gCóras Faisnéise Schengen de bhun Rialachán (AE) 2018/1860;

Or. en

Leasú 137

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c. neamhchomhlíonadh na mbeart de bhun Airteagal ***23***.	c. neamhchomhlíonadh na mbeart de bhun Airteagal ***21(3).***

Or. en

Leasú 138

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. I gcásanna nach gcumhdaítear le mír 1, cinnfear an riosca éalaithe ar bhonn measúnú foriomlán ar imthosca sonracha an cháis aonair ***agus i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin de*** na critéir seo a leanas ***maidir leis an náisiúnach tríú tír lena mbaineann***:	2. I gcásanna nach gcumhdaítear le mír 1, cinnfear an riosca éalaithe ar bhonn measúnú foriomlán ar imthosca sonracha an cháis aonair. ***Féadfaidh*** na critéir seo a leanas ***riosca éalaithe a léiriú***:

Or. en

Leasú 139

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d. neamhchomhlíonadh na hoibleagáide chun comhoibriú le húdaráis inniúla na mBallstát ag gach céim de na nósanna imeachta de bhun an Rialacháin seo, dá dtagraítear in Airteagal 21(2)***,*** ***pointí (a) go (k)***;	d. neamhchomhlíonadh na hoibleagáide chun comhoibriú le húdaráis inniúla na mBallstát ag gach céim de na nósanna imeachta de bhun an Rialacháin seo, dá dtagraítear in Airteagal 21(2);

Or. en

Leasú 140

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e. i gcás ina bhfuil imeacht ar tí tarlú agus ina bhfuil cúiseanna tromchúiseacha ann lena chreidiúint go bhfuil sé beartaithe ag náisiúnach tríú tír an oibleagáid maidir le comhoibriú a shárú mar a leagtar amach in Airteagal 21(2), pointe (l);	***scriosta***

Or. en

Leasú 141

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
g. cur i gcoinne an nós imeachta um	g. cur i gcoinne an nós imeachta um

fhilleadh ***go fíochmhar***;	fhilleadh ***go fisiciúil***;

Or. en

Leasú 142

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 30 – mír 2 – pointe h

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
h. dul isteach san Aontas arís de shárú ar thoirmeasc bailí ar dhul isteach.	***scriosta***

Or. en

Leasú 143

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bearta malartacha ar choinneáil sa dlí náisiúnta. Déanfar na bearta sin a ordú agus imthosca aonair an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann á gcur san áireamh, lena n-áirítear aon leochaileachtaí, agus beidh siad comhréireach le leibhéal an riosca éalaithe arna mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 30.	1. Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir le bearta malartacha ar choinneáil sa dlí náisiúnta. Ní dhéanfar na bearta sin a ordú ***ach amháin nuair a bheidh feidhm ag ceann amháin ar a laghad de na forais choinneála a liostaítear in Airteagal 31a(3),*** agus imthosca aonair an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann á gcur san áireamh, lena n-áirítear aon leochaileachtaí, agus beidh siad comhréireach le leibhéal an riosca éalaithe arna mheasúnú i gcomhréir le hAirteagal 30.

Or. en

Leasú 144

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 2 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c. an oibleagáid cónaí in áit arna hainmniú ag na húdaráis inniúla;	c. an oibleagáid cónaí in áit arna hainmniú ag na húdaráis inniúla ***mar rogha mhalartach ar shocruithe coinneála, agus béim ar leith á leagan ar leanaí, ar mhná agus ar dhaoine leochaileacha eile***;

Or. en

Leasú 145

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. Tabharfar fógra do náisiúnaigh tríú tír faoi aon chinneadh bearta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm agus cuirfear ar an eolas iad faoi iarmhairt neamhchomhlíonadh an chinnidh sin, lena n-áirítear de bhun Airteagal ***29(3)***, pointe (e), agus faoi na leigheasanna dlí dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.	4. Tabharfar fógra do náisiúnaigh tríú tír faoi aon chinneadh bearta dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm agus cuirfear ar an eolas iad faoi iarmhairt neamhchomhlíonadh an chinnidh sin, lena n-áirítear de bhun Airteagal ***31a(3)***, pointe (e), agus faoi na leigheasanna dlí dá dtagraítear i mír 5 den Airteagal seo.

Or. en

Leasú 146

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údarás breithiúnach na cinntí a dhéantar i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo a athbhreithniú go tapa ar iarratas ón duine lena mbaineann nó ex officio***, agus laistigh de 2 mhí ar a dhéanaí***.	5. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfaidh údarás breithiúnach na cinntí a dhéantar i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo a athbhreithniú ***a luaithe is féidir*** ar iarratas ón duine lena mbaineann nó ex officio.

Or. en

Leasú 147

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 31 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Airteagal 31a
	Forais choinneála
	1. Féadfaidh na Ballstáit náisiúnach tríú tír a choinneáil de bhun an Rialacháin seo ar bhonn measúnú aonair ar gach cás agus sa mhéid go bhfuil an choinneáil comhréireach, agus sa mhéid sin amháin, agus mar rogha dheiridh.
	2. Ní fhéadfaidh na Ballstáit náisiúnach tríú tír a choinneáil ach amháin chun an filleadh a ullmhú nó chun an t-aistriú a chur i gcrích.
	3. Ní fhéadfar náisiúnach tríú tír a choinneáil ach amháin ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na forais choinneála seo a leanas:
	a. riosca ealaithe arna chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 30;
	b. seachnaíonn an náisiúnach tríú tír an t-ullmhúchán don fhilleadh nó don phróiseas aistrithe nó cuireann sé bac ar an ullmhúchán sin;
	c. baineann rioscaí slándála leis an náisiúnach tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 16;
	d. chun céannacht nó náisiúntacht an iarratasóra a chinneadh nó a fhíorú;
	e. neamhchomhlíonadh na mbeart a ordaíodh de bhun Airteagal 30.
	4. Déanfar na forais choinneála sin a leagan síos sa dlí náisiúnta.
	5. Déanfaidh údaráis riaracháin nó údaráis bhreithiúnacha coinneáil a ordú. Ordófar coinneáil trí chinneadh i scríbhinn ina dtabharfar na cúiseanna, de

réir fíorais agus dlí, ar a bhfuil sí bunaithe chomh maith le faisnéis faoi na leigheasanna dlí atá ar fáil. Tabharfar fógra faoin gcinneadh don náisiúnach tríú tír i gcomhréir le hAirteagal 24.

6. Agus náisiúnach tríú tír á choinneáil de bhun mhír 2, cuirfidh na Ballstáit san áireamh aon chomharthaí infheicthe, aon ráitis infheicthe nó aon iompraíocht infheicthe a bhaineann leis an náisiúnach tríú tír, nó a rinne nó a léirigh an náisiúnach tríú tír, lena léirítear gur duine leochaileach é nó í.

Or. en

Réasúnú

Athraíodh ord Airteagail 29, 30 agus 31 chun seicheamh nós imeachta chur i bhfeidhm na coinneála a léiriú, agus tús áite á thabhairt d'úsáid roghanna malartacha ar choinneáil. Is é seo a leanas an t-ord nua: baol éalaithe, roghanna malartacha ar choinneáil, forais choinneála.

Leasú 148

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Coinneofar an choinneáil ar bun ar feadh na tréimhse is giorra is féidir agus fad a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal ***29*** agus is gá chun filleadh rathúil a áirithiú.	1. Coinneofar an choinneáil ar bun ar feadh na tréimhse is giorra is féidir agus fad a chomhlíonfar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal ***31a*** agus is gá chun filleadh rathúil a áirithiú.

Or. en

Leasú 149

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Nuair a dhealraíonn sé nach bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal ***29*** á gcomhlíonadh a thuilleadh, ní bheidh údar leis an gcoinneáil a thuilleadh agus scaoilfear saor an náisiúnach tríú tír. Ní chuirfidh scaoileadh den sórt sin bac ar chur i bhfeidhm beart chun an riosca éalaithe a chosc i gcomhréir le hAirteagal 31.	2. Nuair a dhealraíonn sé nach bhfuil na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal ***31a*** á gcomhlíonadh a thuilleadh, ní bheidh údar leis an gcoinneáil a thuilleadh agus scaoilfear saor an náisiúnach tríú tír. Ní chuirfidh scaoileadh den sórt sin bac ar chur i bhfeidhm beart chun an riosca éalaithe a chosc i gcomhréir le hAirteagal 31.

Or. en

Leasú 150

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 32 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Ní rachaidh an choinneáil thar 12 mhí i mBallstát ar leith. Féadfar tréimhse choinneála a fhadú ar feadh tréimhse nach faide ná ***12*** mhí bhreise i mBallstát ar leith i gcás inar dócha go mairfidh an nós imeachta um fhilleadh níos faide de dheasca easpa comhair ón náisiúnach tríú tír lena mbaineann, nó de dheasca moilleanna maidir leis an doiciméadacht is gá a fháil ó thríú tíortha.	3. Ní rachaidh an choinneáil thar 12 mhí i mBallstát ar leith. Féadfar tréimhse choinneála a fhadú ar feadh tréimhse nach faide ná ***6*** mhí bhreise i mBallstát ar leith i gcás inar dócha go mairfidh an nós imeachta um fhilleadh níos faide de dheasca easpa comhair ón náisiúnach tríú tír lena mbaineann, nó de dheasca moilleanna maidir leis an doiciméadacht is gá a fháil ó thríú tíortha.

Or. en

Leasú 151

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 3 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a. go ndéanfar aon athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht na coinneála a thabhairt i gcrích chomh tapa agus is féidir	a. go ndéanfar aon athbhreithniú breithiúnach ar dhlíthiúlacht na coinneála a thabhairt i gcrích chomh tapa agus is féidir

tar éis thús na coinneála***, agus tráth nach déanaí ná 15 lá ina dhiaidh sin***; nó	tar éis thús na coinneála; nó

Or. en

Leasú 152

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 33 – mír 3 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. go dtabharfar an ceart don náisiúnach tríú tír lena mbaineann imeachtaí a thionscnamh trína bhfuil dlíthiúlacht na coinneála faoi réir athbhreithniú breithiúnach, ar imeachtaí iad a thabharfar i gcrích chomh tapa agus is féidir tar éis sheoladh na n-imeachtaí ábhartha***, agus tráth nach déanaí ná 15 lá ina dhiaidh sin***. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ar an eolas láithreach tráth na coinneála gur féidir imeachtaí den sórt sin a thionscnamh.	b. go dtabharfar an ceart don náisiúnach tríú tír lena mbaineann imeachtaí a thionscnamh trína bhfuil dlíthiúlacht na coinneála faoi réir athbhreithniú breithiúnach, ar imeachtaí iad a thabharfar i gcrích chomh tapa agus is féidir tar éis sheoladh na n-imeachtaí ábhartha. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh na Ballstáit an náisiúnach tríú tír lena mbaineann ar an eolas láithreach tráth na coinneála gur féidir imeachtaí den sórt sin a thionscnamh.

Or. en

Leasú 153

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	3a. Áiritheoidh an t-údarás inniúil a bhainistíonn an tsaoráid choinneála go gcuirfear faisnéis ar fáil do dhaoine atá á gcoinneáil faoina gceart dul i dteagmháil le hionadaithe dlíthiúla.

Or. en

Leasú 154

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 5

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
5. Beidh an deis ag ionadaithe dlíthiúla, baill teaghlaigh, údaráis chonsalacha inniúla agus eagraíochtaí agus comhlachtaí ábhartha agus inniúla náisiúnta, idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha cuairt a thabhairt ar aon saoráid choinneála agus cumarsáid a dhéanamh leis na náisiúnaigh tríú tír agus cuairt a thabhairt orthu i ndálaí lena n-urramaítear príobháideachas. ***D'fhéadfadh cuairteanna den sórt sin bheith faoi réir údaraithe***.	5. Beidh an deis ag ionadaithe dlíthiúla, baill teaghlaigh, údaráis chonsalacha inniúla agus eagraíochtaí agus comhlachtaí ábhartha agus inniúla náisiúnta, idirnáisiúnta agus neamhrialtasacha***, arna iarraidh sin don náisiúnach tríú tír,*** cuairt a thabhairt ar aon saoráid choinneála agus cumarsáid a dhéanamh leis na náisiúnaigh tríú tír agus cuairt a thabhairt orthu i ndálaí lena n-urramaítear príobháideachas. ***Déanfaidh saoráidí coinneála am agus limistéir shonracha a leithdháileadh chun an cúnamh dlíthiúil sin a sholáthar. Féadfaidh dlíodóirí nó daoine eile atá cáilithe go cuí chun comhairle dlí agus ionadaíocht dhlíthiúil a sholáthar, mar a aithnítear nó mar a cheadaítear faoin dlí náisiúnta, buanna a bhunú ag an tsaoráid***.

Or. en

Leasú 155

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 34 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Cuirfear faisnéis ar fáil i scríbhinn do náisiúnaigh tríú tír atá faoi choinneáil ina míneofar na rialacha a chuirtear i bhfeidhm sa tsaoráid agus ina leagfar amach a gcearta agus a n-oibleagáidí i ***dteanga shoiléir shothuigthe agus i dteanga a thuigeann siad***. Áireofar san fhaisnéis sin faisnéis maidir lena dteidlíocht faoin dlí náisiúnta teagmháil a dhéanamh leis na daoine nó leis na	6. Cuirfear faisnéis ar fáil i scríbhinn do náisiúnaigh tríú tír atá faoi choinneáil ina míneofar na rialacha a chuirtear i bhfeidhm sa tsaoráid agus ina leagfar amach a gcearta agus a n-oibleagáidí i ***gcomhréir le hAirteagal 24***. Áireofar san fhaisnéis sin faisnéis maidir lena dteidlíocht faoin dlí náisiúnta teagmháil a dhéanamh leis na daoine nó leis na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 3 agus i

comhlachtaí dá dtagraítear i mír 3 agus i mír 5.

mír 5.

Or. en

Leasú 156

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ní choinneofar mionaoisigh neamhthionlactha agus teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu ach mar rogha dheiridh agus ar feadh na tréimhse ama iomchuí is giorra ***agus*** leas an linbh ***á chur san áireamh***.	1. Ní choinneofar mionaoisigh neamhthionlactha ná teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu ach mar rogha dheiridh agus ar feadh tréimhse iomchuí atá chomh gearr agus is féidir. ***I gcomhthéacs coinneáil mionaoiseach atá ar feitheamh aistriú, tabharfar tús áite do*** leas an linbh.

Or. en

Leasú 157

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 35 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Cuirfear cóiríocht ar leithligh lena ráthófar príobháideachas leordhóthanach ar fáil do theaghlaigh agus do mhionaoisigh neamhthionlactha atá á gcoinneáil mar ullmhúchán don fhilleadh. Cuirfear oiliúint leordhóthanach ar phearsanra, agus cuirfear saoráidí in oiriúint chun riachtanais daoine ***dá*** n-aois agus ***dá*** n-inscne a chur san áireamh, lena n-áirítear sláinteachas iomchuí, bia, seirbhísí sláinte agus bonneagar eile.	2. Cuirfear cóiríocht ar leithligh lena ráthófar príobháideachas leordhóthanach ar fáil do theaghlaigh agus do mhionaoisigh neamhthionlactha atá á gcoinneáil mar ullmhúchán don fhilleadh. Cuirfear oiliúint leordhóthanach ar phearsanra, ar bhealach atá ***fabhrach do leanaí*** agus ***cuirfear*** saoráidí in oiriúint chun riachtanais daoine ***de réir*** a n-aoise agus a n-inscne a chur san áireamh, lena n-áirítear sláinteachas iomchuí, bia, seirbhísí sláinte agus bonneagar eile.

Or. en

Leasú 158

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Ar chinneadh infhorfheidhmithe um fhilleadh a eisiúint agus d'ainneoin Airteagal 28, tionscnóidh na húdaráis inniúla an nós imeachta um athligean isteach ***go córasach agus*** gan moill mhíchuí, le tacaíocht ó Frontex ***i gcás inarb infheidhme***.	1. Ar chinneadh infhorfheidhmithe um fhilleadh a eisiúint agus d'ainneoin Airteagal 28, tionscnóidh na húdaráis inniúla an nós imeachta um athligean isteach gan moill mhíchuí, le tacaíocht ó Frontex. ***I gcás iarratais ar athligean isteach dá dtagraítear i mír 2, úsáidfear an fhoirm chaighdeánach um athligean isteach a leagtar amach in Iarscríbhinn [II].***

Or. en

Réasúnú

Tá Iarscríbhinn ina bhfuil an fhoirm chaighdeánach um athligean isteach le cur leis an Rialachán seo.

Leasú 159

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Nuair is gá doiciméad taistil a fháil ó údaráis an tríú tír, ***déanfaidh*** na húdaráis inniúla iarratas ar athligean isteach. ***Áireofar san iarratas sin ar athligean isteach, de réir mar is ábhartha, iarraidh ar dheimhniú náisiúntachta agus iarraidh ar dhoiciméad taistil a eisiúint. Déanfar iarratais ar athligean isteach gan mhoill agus i gcás inar féidir*** trí úsáid a bhaint as ***foirm chaighdeánach de bhun mhír 6***.	2. Nuair is gá ***deimhniú náisiúntachta nó*** doiciméad taistil a fháil ó údaráis an tríú tír, ***tionscnóidh*** na húdaráis inniúla ***an nós imeachta um athligean isteach trí*** iarratas ar athligean isteach ***a chur isteach agus*** trí úsáid a bhaint as ***an bhfoirm a leagtar amach in Iarscríbhinn [II]***.

Or. en

Leasú 160

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. ***Féadfaidh na húdaráis inniúla an iarraidh ar dhoiciméad taistil a chur isteach ar leithligh i gcás inar fearr é ar chúiseanna dlíthiúla nó oibríochtúla, lena n-áirítear mar gheall ar fhad bailíochta an doiciméid taistil atá le heisiúint agus toisc nach bhfuil an náisiúnach tríú tír ar fáil chun an doiciméad taistil a fháil díreach tar éis dheimhniú na náisiúntachta.*** I gcás inarb infheidhme, úsáidfear an doiciméad taistil Eorpach um fhilleadh i gcomhréir leis an ionstraim um athligean isteach is infheidhme agus le Rialachán (AE) 2016/1953[29] .	3. I gcás inarb infheidhme, úsáidfear an doiciméad taistil Eorpach um fhilleadh i gcomhréir leis an ionstraim um athligean isteach is infheidhme agus le Rialachán (AE) 2016/1953[29].
[29] Rialachán (AE) 2016/1953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le doiciméad taistil Eorpach a bhunú i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Moladh ón gComhairle an 30 Samhain 1994 (IO L 311, 17.11.2016, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1953/oj).	[29] Rialachán (AE) 2016/1953 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le doiciméad taistil Eorpach a bhunú i ndáil le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Moladh ón gComhairle an 30 Samhain 1994 (IO L 311, 17.11.2016, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/1953/oj).

Or. en

Leasú 161

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomh cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 49(2) chun an fhoirm chaighdeánach a	***scriosta***

chinneadh a bheidh le húsáid chun na hiarratais ar athligean isteach dá dtagraítear i mír 2 a chur isteach. Leagfar amach an méid seo a leanas san fhoirm chaighdeánach sin:

a. formáid na n-iarratas ar athligean isteach;

b. na gnéithe a bhaineann le hiarratas ar athligean isteach lena n-áirítear an iarraidh ar dheimhniú náisiúntachta agus an iarraidh ar dhoiciméad taistil a eisiúint.

Or. en

Leasú 162

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
7. Tacóidh oifigigh idirchaidrimh thiomnaithe de chuid an Aontais arna maoiniú ag an Aontas leis an nós imeachta um athligean isteach i dtríú tíortha. Beidh oifigigh idirchaidrimh den sórt sin mar chuid de struchtúr Thoscaireachtaí an Aontais agus déanfaidh siad dlúthchomhordú leis an gCoimisiún chun tosaíochtaí beartais ábhartha an Aontais a bhaint amach.	7. Tacóidh oifigigh idirchaidrimh thiomnaithe de chuid an Aontais arna maoiniú ag an Aontas***, nuair is féidir,*** leis an nós imeachta um athligean isteach i dtríú tíortha. Beidh oifigigh idirchaidrimh den sórt sin mar chuid de struchtúr Thoscaireachtaí an Aontais agus déanfaidh siad dlúthchomhordú leis an gCoimisiún chun tosaíochtaí beartais ábhartha an Aontais a bhaint amach.

Or. en

Leasú 163

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 36 – mír 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	7a. Aon mhainneachtain ag tríú tíortha comhoibriú chun críoch athligean

isteach agus ath-imeascadh a gcuid náisiúnach, déanfaidh an Coimisiún measúnú uirthi mar chuid den mheasúnú bliantúil ar an gcaidreamh idir an tAontas agus na tríú tíortha amhail maidir le comhar um athligean isteach faoi Airteagal 25a de Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a].

_____

Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/810/oj).

Or. en

Leasú 164

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 37

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Airteagal 37	***scriosta***
Cumarsáid le heintitis tríú tír neamhaitheanta	
1. Féadfaidh na húdaráis inniúla cumarsáid a dhéanamh, de réir mar is gá, le heintitis tríú tír neamhaitheanta atá freagrach as ceann amháin nó níos mó de chéimeanna an nós imeachta um athligean isteach.	
2. Beidh cumarsáid den sórt sin teoranta don mhéid is gá chun an nós imeachta um athligean isteach a chur i gcrích agus ní hionann í agus aitheantas taidhleoireachta na n-eintiteas lena mbaineann.	

Or. en

Leasú 165

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Bainfidh na Ballstáit ***leas as gach modh comhair agus malartaithe*** faisnéise ***is iomchuí chun*** an Rialachán seo ***a chur chun feidhme***.	1. Déanfaidh na Ballstáit***, arna iarraidh sin,*** faisnéis ***a bhaineann le duine a thagann faoi raon feidhme*** an Rialacháin seo ***a mhalartú, chun críche an nós imeachta um fhilleadh, nós imeachta um athligean isteach agus cúnamh um ath-imeascadh a sholáthar***. ***Ní dhéanfar an fhaisnéis sin a mhalartú ach amháin trí na Córais Faisnéise AE dá dtagraítear in Airteagal 4(15) de Rialachán (AE) 2019/818[1a] nó trí fhaisnéis fhorlíontach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1860.*** _____ ***[1a] Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/818/oj).***

Or. en

Leasú 166

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	1a. D'ainneoin an malartaithe faisnéise dá dtagraítear i mír 1, bainfidh na Ballstáit leas as gach modh comhair

	agus malartaithe faisnéise is iomchuí chun an Rialachán seo a chur chun feidhme.

Or. en

Leasú 167

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar an malartú faisnéise arna iarraidh sin do Bhallstát agus ní ***fhéadfar*** é a dhéanamh ach amháin idir údaráis inniúla na mBallstát.	2. ***Sna cásanna sin,*** déanfar an malartú faisnéise arna iarraidh sin do Bhallstát agus ní ***dhéanfar*** é ach amháin idir údaráis inniúla na mBallstát.

Or. en

Leasú 168

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Cuirfidh na Ballstáit in iúl dá chéile, arna iarraidh sin, faisnéis a bhaineann le duine a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo chun críche an nós imeachta um fhilleadh, an nós imeachta um athligean isteach agus cúnamh um ath-imeascadh a sholáthar.	***scriosta***

Or. en

Leasú 169

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 4

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
4. I gcás inar féidir an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 3 a mhalartú trí Chórais Faisnéise an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear i bpointe 15 d'Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[30] nó trí fhaisnéis fhorlíontach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1860, ní dhéanfar an fhaisnéis sin a mhalartú ach amháin trí na modhanna sin.	***scriosta***

[30] Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 (IO L 135, 22.5.2019, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/818/oj).

Or. en

Leasú 170

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 6 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
6. Áireofar an méid seo a leanas go háirithe san fhaisnéis dá dtagraítear i mír ***3***:	6. Áireofar an méid seo a leanas go háirithe san fhaisnéis dá dtagraítear i mír ***1***:

Or. en

Leasú 171

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 6 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a. faisnéis is gá chun céannacht an náisiúnaigh tríú tír a shuíomh agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht a bhall teaghlaigh nó a ball teaghlaigh, a ghaolta nó a gaolta agus aon bhaill teaghlaigh eile***, go háirithe sloinne nó sloinnte***; ***céadainm nó céadainmneacha; más iomchuí, iar-ainm nó iar-ainmneacha agus ainm nó ainmneacha eile (ailias nó ailiasanna, ainm bréige nó ainmneacha bréige); dáta breithe, láthair bhreithe agus tír bhreithe; inscne;***	a. faisnéis is gá chun céannacht an náisiúnaigh tríú tír a shuíomh agus, i gcás inarb infheidhme, céannacht a bhall teaghlaigh nó a ball teaghlaigh, a ghaolta nó a gaolta agus aon bhaill teaghlaigh eile;

Or. en

Leasú 172

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 6 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. faisnéis a bhaineann le sonraí bithmhéadracha arna dtógáil den náisiúnach tríú tír i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1358***, go háirithe íomhá den aghaidh nó íomhánna den aghaidh***; ***sonraí dachtalascópacha; an dáta a tógadh na sonraí bithmhéadracha; uimhir thagartha Eurodac arna húsáid ag an mBallstát tionscnaimh;***	b. faisnéis a bhaineann le sonraí bithmhéadracha arna dtógáil den náisiúnach tríú tír i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1358;

Or. en

Leasú 173

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 6 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c. faisnéis maidir le náisiúntacht agus	c. faisnéis maidir le náisiúntacht agus

doiciméad taistil nó doiciméid taistil an náisiúnaigh tríú tír***, go háirithe náisiúntacht/náisiúntachtaí reatha agus náisiúntacht/náisiúntachtaí roimhe sin***; ***cineál, uimhir agus tír eisiúna an doiciméid taistil nó na ndoiciméad taistil; dáta eisiúna agus dáta éaga an doiciméid taistil nó na ndoiciméad taistil;***	doiciméad taistil nó doiciméid taistil an náisiúnaigh tríú tír;

Or. en

Leasú 174

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 6 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
f. faisnéis a bhaineann le hoibríocht um fhilleadh an náisiúnaigh tríú tír***, go háirithe maidir le sonraí eitilte***; ***socruithe taistil eile; léiriú an duine fíorchontúirteach é an náisiúnach tríú tír a dteastaíonn socruithe sonracha uaidh le linn na hoibríochta um fhilleadh; faisnéis a bhaineann le tionlacan;***	f. faisnéis a bhaineann le hoibríocht um fhilleadh an náisiúnaigh tríú tír;

Or. en

Leasú 175

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 6 – pointe g

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
g. faisnéis a bhaineann le hathimeascadh an náisiúnaigh tríú tír***, go háirithe comhdhéanamh teaghlaigh, stádas pósta, faisnéis teagmhála ball teaghlaigh sa tír a mbeifear ag filleadh uirthi, taithí oibre, leibhéal oideachais, dioplómaí***;	g. faisnéis a bhaineann le hathimeascadh an náisiúnaigh tríú tír;

Or. en

Leasú 176

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 38 – mír 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
8. Ní ***fhéadfar*** úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a mhalartaítear ach amháin chun na gcríoch a leagtar amach i mír ***3***. I ngach Ballstát, ní ***fhéadfar*** an fhaisnéis sin, ag brath ar an gcineál faisnéise atá i gceist agus ar chumhachtaí an údaráis is faighteoir, a chur in iúl ach amháin do na húdaráis nó do na húdaráis bhreithiúnacha ar cuireadh an nós imeachta um fhilleadh, an nós imeachta um athligean isteach nó cúnamh um ath-imeascadh a sholáthar ar a n-iontaoibh.	8. Ní ***úsáidfear*** an fhaisnéis a mhalartaítear ach amháin chun na gcríoch a leagtar amach i mír ***1***. I ngach Ballstát, ní ***dhéanfar*** an fhaisnéis sin, ag brath ar an gcineál faisnéise atá i gceist agus ar chumhachtaí an údaráis is faighteoir, a chur in iúl ach amháin do na húdaráis nó do na húdaráis bhreithiúnacha ar cuireadh an nós imeachta um fhilleadh, an nós imeachta um athligean isteach nó cúnamh um ath-imeascadh a sholáthar ar a n-iontaoibh.

Or. en

Leasú 177

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – teideal

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Aistriú sonraí chuig tríú tíortha a bhaineann le ciontuithe coiriúla náisiúnach tríú tír chun críocha athligin isteach ***agus ath-lánpháirtithe***	Aistriú sonraí chuig tríú tíortha a bhaineann le ciontuithe coiriúla náisiúnach tríú tír chun críocha athligin isteach

Or. en

Leasú 178

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 1 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. gur gá na sonraí a aistriú chun críocha an nós imeachta um athligean isteach dá dtagraítear in Airteagal 36 a chur i gcrích;	***scriosta***

Or. en

Leasú 179

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 40 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Beidh aistrithe sonraí a bhaineann le ciontuithe coiriúla náisiúnach tríú tír chuig tríú tíortha faoi réir tástáil riachtanais dhocht agus ní dhéanfar pionós an bháis ná aon chineál íde atá cruálach agus mídhaonna a thabhairt ná a chur i gcrích mar thoradh orthu.

Or. en

Leasú 180

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 42 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c. na hacmhainní is gá agus pearsanra inniúil leordhóthanach sna Ballstáit chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ***lena n-áirítear le haghaidh coinneála***;	c. na hacmhainní is gá agus pearsanra inniúil leordhóthanach sna Ballstáit chun an Rialachán seo a chur chun feidhme;

Or. en

Leasú 181

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 42 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d. córais dhigiteacha chun filleadh, athligean isteach ***agus ath-imeascadh*** náisiúnach tríú tír a bhainistiú;	d. córais dhigiteacha chun filleadh ***agus*** athligean isteach náisiúnach tríú tír a bhainistiú;

Or. en

Leasú 182

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 42 – mír 1 – pointe f

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
f. comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí de chuid an Aontais ***a thacaíonn*** de bhun Airteagal 43(4) agus i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach.	f. ***Tacaíocht airgeadais ón Aontas agus tacaíocht oibríochtúil ó*** chomhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais***, go háirithe tacaíocht ó Frontex,*** de bhun Airteagal 43(4), agus i gcomhréir lena sainorduithe faoi seach.

Or. en

Leasú 183

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 42 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Sainaithneoidh an tAontas agus na Ballstáit tosaíochtaí coiteanna i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha agus áiritheoidh siad go ndéanfar an obair leantach is gá , agus an Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce arna glacadh de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1351 á cur san áireamh, mar aon le cur chun	2. Sainaithneoidh an tAontas agus na Ballstáit tosaíochtaí coiteanna i réimse an fhillte, an athligin isteach agus an ath-imeasctha agus áiritheoidh siad go ndéanfar an obair leantach is gá , agus an Straitéis Eorpach um Bainistiú Tearmainn agus Imirce arna glacadh de bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2024/1351 á cur san áireamh, mar aon le cur chun

feidhme an nós imeachta teorann um fhilleadh de bhun Rialachán (AE) ***2024/1351***, an measúnú ar leibhéal an chomhair idir tríú tíortha agus na Ballstáit maidir le hathligean isteach i gcomhréir le hAirteagal 25a de Rialachán (CE) 810/2009 ***ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32]*** agus ionstraimí an Aontais um athligean isteach agus aon ionstraim eile de chuid an Aontais atá ábhartha don chomhar maidir le hathligean isteach.	feidhme an nós imeachta teorann um fhilleadh de bhun Rialachán (AE) ***2024/1349***, an measúnú ar leibhéal an chomhair idir tríú tíortha agus na Ballstáit maidir le hathligean isteach i gcomhréir le hAirteagal 25a de Rialachán (CE) 810/2009 agus ionstraimí an Aontais um athligean isteach agus aon ionstraim eile de chuid an Aontais atá ábhartha don chomhar maidir le hathligean isteach.
[32] Rialachán (CE) Uimh. 810/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 lena mbunaítear Cód Comhphobail maidir le Víosaí (Cód Víosaí) (IO L 243, 15.9.2009, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2009/810/oj).	

Or. en

Leasú 184

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 42 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh an tAontas agus na Ballstáit comhar dílis agus dlúthchomhar idir na húdaráis inniúla agus idir an tAontas agus na Ballstáit, ***mar aon le sineirge idir comhpháirteanna inmheánacha agus seachtracha,*** agus a leas comhroinnte i bhfeidhmiú éifeachtach bheartais bainistithe tearmainn agus imirce an Aontais á chur san áireamh.	3. Áiritheoidh an tAontas agus na Ballstáit comhar dílis agus dlúthchomhar idir na húdaráis inniúla agus idir an tAontas agus na Ballstáit, agus a leas comhroinnte i bhfeidhmiú éifeachtach bheartais bainistithe tearmainn agus imirce an Aontais á chur san áireamh.

Or. en

Leasú 185

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfaidh gach Ballstát na hacmhainní is gá a leithdháileadh ar na húdaráis inniúla, lena n-áirítear foireann atá oilte go hiomchuí agus a fuair treoir chun a n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh.	2. Déanfaidh gach Ballstát na hacmhainní is gá a leithdháileadh ar údaráis inniúla, lena n-áirítear baill foirne atá oilte go hiomchuí agus a fuair treoir chun a n-oibleagáidí a leagtar amach sa Rialachán seo a chomhlíonadh ***chomh maith le hacmhainní leordhóthanacha chun córais dhigiteacha lánfheidhme a fhorbairt chun bainistiú a dhéanamh ar fhilleadh, athligean isteach agus ath-imeascadh náisiúnach tríú tír de bhun Airteagal 42 (1d)***.

Or. en

Leasú 186

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 43 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Áiritheoidh na Ballstáit leibhéal leordhóthanach acmhainneachta coinneála agus riachtanais iarbhír agus fillteacha ionchasacha sna 12 mhí amach romhainn á gcur san áireamh, go háirithe chun críche córas dea-ullmhaithe agus pleanála teagmhasaí de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/1351.	3. Áiritheoidh na Ballstáit ***acmhainní leordhóthanacha daonna agus airgeadais chun bearta malartacha ar choinneáil a sholáthar chomh maith le*** leibhéal leordhóthanach acmhainneachta coinneála agus riachtanais iarbhír agus fillteacha ionchasacha sna 12 mhí amach romhainn á gcur san áireamh, go háirithe chun críche córas dea-ullmhaithe agus pleanála teagmhasaí de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) 2024/1351.

Or. en

Leasú 187

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 1 – pointe c

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
c. an idirphlé beartais a threorú nó tacaíocht a thabhairt dó agus do mhalartuithe le húdaráis tríú tíortha chun athligean isteach a éascú;	c. an idirphlé beartais a threorú nó tacaíocht a thabhairt dó agus do mhalartuithe le húdaráis tríú tíortha chun athligean isteach a éascú ***i gcás nach féidir leis an mBallstát forfheidhmiúcháin é sin a dhéanamh***;

Or. en

Leasú 188

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 1 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d. dul i dteagmháil le húdaráis inniúla tríú tíortha chun aitheantas náisiúnaigh tríú tíortha a fhíorú agus chun doiciméad taistil bailí a fháil;	d. dul i dteagmháil le húdaráis inniúla tríú tíortha chun aitheantas náisiúnaigh tríú tíortha a fhíorú agus chun doiciméad taistil bailí a fháil ***i gcás nach féidir leis an mBallstát forfheidhmiúcháin é sin a dhéanamh***;

Or. en

Leasú 189

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 44 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
e. an socrú praiticiúil maidir le filleadh a fhorfheidhmiú a eagrú thar ceann an Bhallstáit iarrthaigh;	e. an socrú praiticiúil maidir le filleadh a fhorfheidhmiú a eagrú thar ceann an Bhallstáit iarrthaigh ***i gcás nach féidir leis an mBallstát forfheidhmiúcháin é sin a dhéanamh***;

Or. en

Leasú 190

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 45 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. ***Féadfaidh*** na Ballstáit a iarraidh go dtabharfaidh saineolaithe arna n-imscaradh nó arna dtacú ag Frontex cúnamh dá n-údaráis inniúla, lena n-áirítear oifigigh idirchaidrimh um fhilleadh agus oifigigh idirchaidrimh eile, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896.	1. ***Iarrfaidh*** na Ballstáit go dtabharfaidh saineolaithe arna n-imscaradh nó arna dtacú ag Frontex cúnamh dá n-údaráis inniúla, lena n-áirítear oifigigh idirchaidrimh um fhilleadh agus oifigigh idirchaidrimh eile, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/1896.

Or. en

Leasú 191

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis maidir le filleadh agus ath-imeascadh ar fáil freisin sula n-eiseofar an cinneadh um fhilleadh, go háirithe nuair a bheidh Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2024/1348 infheidhme.	2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear faisnéis maidir le filleadh agus ath-imeascadh ar fáil freisin sula n-eiseofar an cinneadh um fhilleadh, go háirithe nuair a bheidh Airteagal 37 de Rialachán (AE) 2024/1348 infheidhme***, chun a áirithiú go mbeidh náisiúnaigh tríú tír ar an eolas faoina n-oibleagáidí chun comhoibriú***.

Or. en

Leasú 192

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
3. Bunóidh na Ballstáit cláir náisiúnta chun tacú leis an bhfilleadh agus leis an ath-imeascadh agus bainfidh siad úsáid, mar riail ghinearálta, as na cláir arna soláthar ag an Aontas. Is éard a bheidh sna cláir náisiúnta agus sa chúnamh um ath-imeascadh a sholáthraíonn an tAontas cúnamh nó dreasachtaí lóistíochta, airgeadais agus ábhartha nó comhchineáil eile, lena n-áirítear cúnamh um ath-imeascadh sa tír a mbeifear ag filleadh uirthi, a chuirfear ar fáil do náisiúnach tríú tír.	3. Bunóidh na Ballstáit cláir náisiúnta chun tacú leis an bhfilleadh agus leis an ath-imeascadh agus bainfidh siad úsáid, mar riail ghinearálta, as na cláir arna soláthar ag an Aontas. Is éard a bheidh sna cláir náisiúnta agus sa chúnamh um ath-imeascadh a sholáthraíonn an tAontas cúnamh nó dreasachtaí lóistíochta, airgeadais agus ábhartha nó comhchineáil eile, lena n-áirítear cúnamh um ath-imeascadh sa tír a mbeifear ag filleadh uirthi, a chuirfear ar fáil do náisiúnach tríú tír. ***Beidh comhairleoireacht maidir le hath-imeascadh ar fáil do náisiúnaigh tríú tír a chomhoibríonn leis na húdaráis inniúla dá dtagraítear i mír 5.***

Or. en

Leasú 193

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 5 – pointe b

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
b. an bhfuil an náisiúnach tríú tír ag filleadh go deonach***, nó an bhfuil sé faoi réir a aistrithe***;	b. an bhfuil an náisiúnach tríú tír ag filleadh go deonach;

Or. en

Leasú 194

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 46 – mír 5 – pointe d

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
d. ar ciontaíodh an náisiúnach tríú tír i gcion coiriúil;	d. ar ciontaíodh an náisiúnach tríú tír i gcion coiriúil***, agus sa chás sin ní bheidh an náisiúnach tríú tír i dteideal tacaíocht***

athimeasctha.

Or. en

Leasú 195

Togra le haghaidh rialacháin
Caibidil VIII a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Caibidil VIIIa
	Airteagal 46a
	Leasuithe ar Rialachán (AE) 2019/1896
	Leasaítear Rialachán (AE) 2019/1896 mar a leanas:
	(1) in Airteagal 10(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (o):
	'(o) An Sásra Faireacháin Eorpach ar Aistrithe a chur ar bun de bhun Airteagal 51';
	(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 51:
	'Airteagal 51 Sásra Faireacháin Eorpach ar Aistrithe
	1. Chun faireachán a dhéanamh ar urraim do chearta bunúsacha le linn aistrithe, bunóidh an Ghníomhaireacht Sásra Faireacháin Eorpach láraithe ar Aistrithe faoi bhainistíocht an oifigigh um chearta bunúsacha.
	2. Beidh an Sásra Faireacháin Eorpach ar Aistrithe comhdhéanta de rúnaíocht thiomnaithe agus de dhíorma de lucht faireacháin neamhspleácha don fhilleadh éigeantach de chuid na Gníomhaireachta a thiocfaidh in ionad an díorma lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach atá ann cheana. Beidh an Sásra Faireacháin Eorpach ar Aistrithe inniúil chun gníomhaíochtaí faireacháin ar an bhfilleadh éigeantach a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 15 den

[Rialachán leasaitheach seo]. Déanfar lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach ag a bhfuil saineolas ar leith i gcosaint leanaí a áireamh sa díorma.

3. Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go beidh acmhainní iomchuí daonna agus airgeadais ann chun a áirithiú go bhféadfaidh an Sásra Faireacháin Eorpach ar Aistrithe a cúraimí a chur i gcrích go héifeachtach.

4. Beidh an lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach faoi réir na Rialachán Foirne agus na gCoinníollacha Fostaíochta agus beidh siad neamhspleách le linn dóibh a ndualgais a chomhlíonadh.

5. Eiseoidh FRA treoir ghinearálta agus rachfar i gcomhairle léi go rialta maidir le feidhmiú an tSásra Faireacháin Eorpaigh ar Aistrithe, lena n-áirítear maidir lena mhodheolaíocht faireacháin. Cuirfidh FRA oiliúint rialta ar fáil don lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach.';

(3) in Airteagal 65(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) líon na mball foirne atá geallta ag gach Ballstát don bhuanchór, lena n-áirítear tríd an gcúltaca le haghaidh mearfhreagartha;';

(4) in Airteagal 109(3), an chéad fhomhír, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) lucht faireacháin ar chearta bunúsacha a ainmniú mar lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach don Sásra Faireacháin Eorpach ar Aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 51;';

(5) in Airteagal 110, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Ainmneoidh an t-oifigeach um chearta bunúsacha lucht faireacháin ar chearta bunúsacha mar lucht faireacháin don fhilleadh éigeantach don Sásra Faireacháin Eorpach ar Aistrithe dá

dtagraítear in Airteagal 51.'.

Or. en

Leasú 196

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 47 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. I gcásanna ina gcuireann líon thar a bheith mór náisiúnach tríú tír atá le filleadh ualach trom gan choinne ar acmhainn saoráidí coinneála Ballstáit nó ar a fhoireann riaracháin nó bhreithiúnach, féadfaidh an Ballstát sin, fad a mhaireann an staid eisceachtúil, cinneadh a dhéanamh tréimhsí le haghaidh athbhreithniú breithiúnach a cheadú ***atá níos faide ná na tréimhsí dá bhforáiltear in Airteagal 33(3)*** agus bearta práinneacha a dhéanamh i leith dhálaí na coinneála de mhaolú orthu sin a leagtar amach in Airteagal 34(1) agus in Airteagal 35(2).	1. I gcásanna ina gcuireann líon thar a bheith mór náisiúnach tríú tír atá le filleadh ualach trom gan choinne ar acmhainn saoráidí coinneála Ballstáit nó ar a fhoireann riaracháin nó bhreithiúnach, féadfaidh an Ballstát sin, fad a mhaireann an staid eisceachtúil, cinneadh a dhéanamh tréimhsí ***níos faide*** a cheadú le haghaidh athbhreithniú breithiúnach agus bearta práinneacha a dhéanamh i leith dhálaí na coinneála de mhaolú orthu sin a leagtar amach in Airteagal 34(1) agus in Airteagal 35(2).

Or. en

Leasú 197

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 48 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	ca. líon na gcásanna nár thacaigh Frontex leis an nós imeachta um fhilleadh nó aistriú agus na cúiseanna leis sin.

Or. en

Leasú 198

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	beidh feidhm ag Airteagal 9(1) ó bhliain amháin ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Or. en

Leasú 199

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 52 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Féadfaidh na Ballstáit Airteagal 9(1) a chur i bhfeidhm roimh an dáta dá dtagraítear i mír 1a den Airteagal seo.

Or. en

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is tráthúil a tháinig an togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear comhchóras maidir le náisiúnaigh tríú tír atá ag fanacht go neamhdhleathach san Aontas a fhilleadh, agus lena n-aisghairtear Treoir 2008/115/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2001/40/CE ón gComhairle agus Cinneadh 2004/191/CE ón gComhairle. Le cur chun feidhme an Chomhshocraithe i mí an Mheithimh 2026, feidhmíonn an Rialachán seo mar phíosa deiridh na príomhreachtaíochta arb é is aidhm dó aghaidh a thabhairt ar an imirce neamhdhleathach laistigh den Aontas Eorpach agus cearta bunúsacha an náisiúnaigh tríú tír lena mbaineann á gcur san áireamh ag an am céanna. Gan córas feidhmiúil maidir le filleadh, ní féidir leis an gcreat imirce Eorpach feidhmiú go héifeachtach choíche.

Faoi láthair, bunaithe ar na sonraí atá ar fáil, ní chuirtear ach thart ar 20 faoin gcéad d'iarrthóirí tearmainn ar diúltaíodh dóibh ar ais chuig a dtír thionscnaimh. Is cúis mhór imní é sin, ós rud é go mbaineann sé an bonn de mhuinín an phobail agus de thacaíocht an phobail dár gcomhbheartais imirce. Thairis sin, is é an iarmhairt neamhbheartaithe atá aige go bhfágfaí fíordhídeanaithe, iad siúd a bhfuil cosaint de dhíth orthu i ndáiríre, ar an bhfaraor géar chomh maith leo siúd a théann ar imirce ar chúiseanna eile trí bhealaí dlíthiúla.
Ceann de na príomhchúiseanna leis an easnamh sin is ea an creat dlíthiúil atá as dáta, a théann siar go 2008. Rinneadh iarracht roimhe seo an treoir sin a athbhreithniú, ach ar an drochuair níor éirigh léi mar gheall ar sheasamh na Parlaiminte a bheith in easnamh. Léiríonn sé sin go soiléir go bhfuil géarghá le cur chuige níos éifeachtaí, níos gasta agus níos nua-aimseartha.
Is é an t-aon bhealach chun córas um fhilleadh rathúil, tapa agus éifeachtúil a áirithiú ná dul i ngleic leis ar an leibhéal Eorpach. Tá freagracht chomhchoiteann ar na Ballstáit rannchuidiú leis an iarracht sin, ós rud é gur dúshlán é sin a théann i bhfeidhm orainn ar fad. Chuir an Rapóirtéir an méid sin san áireamh agus an togra á dhréachtú tuilleadh.

Cur chuige Eorpach

I bhfianaise a thábhachtaí atá cur chuige fíor-Eorpach, is fiú tosú leis an athrú is suntasaí i gcomparáid leis an gcreat atá ann faoi láthair, eadhon an t-aitheantas frithpháirteach éigeantach idir na Ballstáit. Leis an oibleagáid nua sin, tá sé mar aidhm againn méadú ar ghluaiseachtaí tánaisteacha a chosc agus an t-ualach riaracháin ar na Ballstáit a laghdú, ós rud é nach mbeidh gá le nós imeachta iomlán nua. Cuirfidh sé dlús leis na próisis um fhilleadh ar fud an Aontais. Chun an brú ar na Ballstáit a laghdú a thuilleadh, beidh ról níos mó ag Frontex sa nós imeachta um fhilleadh mar gheall ar an tuarascáil sin, agus an oibleagáid nua ar na Ballstáit tacaíocht a iarraidh ar Frontex laistigh den phróiseas um fhilleadh. Thairis sin, beidh na Ballstáit in ann cur le measúnuithe a chéile freisin, a bheidh inrochtana trí Chóras Faisnéise Schengen (SIS). Sampla de mheasúnú den sórt sin is ea an measúnú aoise aitheanta.
Tá aitheantas frithpháirteach tugtha isteach ag an gCoimisiún cheana féin. Mar sin féin, dar leis an Rapóirtéir, go mbeadh sé i bhfad níos éifeachtúla tús a chur láithreach leis an aitheantas le hordú caighdeánach um fhilleadh, agus le cur chun feidhme iomlán ar fud na mBallstát uile tar éis bliana. Tabharfaidh an idirthréimhse sin dóthain ama do na Ballstáit a gcórais náisiúnta a oiriúnú agus a ailíniú dá réir sin.

Leis an gcur chuige Eorpach sin cuimsítear an nós imeachta um athligean isteach a tugadh isteach le déanaí. Bhí an dréacht-togra ón gCoimisiún ina thúsphointe láidir. Mar sin féin, i dtuairim an Rapóirtéara, tá an baol ann go gcruthófar ualach riaracháin breise mar gheall ar an

leibhéal forleathan mionsonraí. Dá bhrí sin, leis an gcur chuige a mholtar sa dréacht seo, cuirtear réiteach simplithe agus níos cuíchóirithe ar fáil trí fhoirm iarratais chaighdeánaithe, a mbeidh rochtain uirthi trí SIS. Ní gá an fhoirm sin a úsáid ach amháin nuair is gá. Trí theimpléad coiteann a thabhairt isteach, beidh Ballstáit eile in ann dul i gcomhairle le nósanna imeachta leanúnacha ar bhealach níos éasca, rud a éascóidh aitheantas frithpháirteach.
Leagtar béim sa dréacht agus tugtar isteach an oibleagáid nua atá ar thríú tíortha comhoibriú leis an athligean isteach, go háirithe maidir le doiciméid aitheantais agus taistil. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar neamh-chomhoibriú agus beidh na hiarmhairtí is gá aige ós rud é go gcosnaíonn sé moill neamhriachtanach ar an nós imeachta ach go léiríonn sé freisin go bhfuil easpa muiníne ann idir an tAontas agus an tríú tír ar leith. Níor luaigh an Coimisiún é sin cé gur gné lárnach é sa reachtaíocht.

Filleadh deonach
Leis an dréacht, tugtar tosaíocht don fhilleadh deonach seachas don fhilleadh éigeantach i gcontrárthacht leis an togra ón gCoimisiún. Is léir go bhfuil filleadh deonach níos inbhuanaithe, níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla. Chun na tairbhí a bhaineann le filleadh deonach a threisiú, ní féidir sa dréacht seo, ach amháin i gcás ina bhfuil bagairt slándála ann, toirmeasc ar theacht isteach a thabhairt amach nuair a fhágann duine go deonach agus i gcomhréir leis an méid sin. Thairis sin, ní féidir tacaíocht athimeasctha a thabhairt ach amháin sna cásanna sin d'fhilleadh deonach. Is é is aidhm do na hathruithe sin go léir filleadh deonach a mhéadú mar phríomhrogha. Cé gurb é filleadh deonach an bealach is fearr chun náisiúnaigh tríú tír nach bhfuil aon cheart fanachta acu a fhilleadh, is cuid thábhachtach den Rialachán fós é an t-aistriú. Go háirithe ós rud é go bhféadfadh moilleanna neamhriachtanacha agus ró-ualach ar an gcóras a bheith mar thoradh ar gan chomhoibriú le húdaráis na mBallstát. Baineann an rialachán go hiomlán leis an bhfilleadh, mar sin nuair nach féidir filleadh go deonach nó mura mbeidh an náisiúnach tríú tír ag comhoibriú, beidh deis ag na Ballstáit fós an t-aistriú a chur i bhfeidhm. I gcás náisiúnaigh tríú tír ar bagairt slándála iad, ba cheart go mbeadh an t-aistriú indéanta i gcónaí chun an tsábháilteacht a choinneáil laistigh de theorainneacha Schengen.

Filleadh ar thríú tír lena bhfuil comhaontú ann
Mar gheall ar an tábhacht a bhaineann le duine a fhilleadh lasmuigh de theorainneacha Schengen, tá an rogha atá molta ag an gCoimisiún chun náisiúnach tríú tír a fhilleadh chuig tír a bhfuil comhaontú ann léi fós á phlé. Níor tugadh aon neamhaird air gur cúis mhór imní é an togra ina leith sin. Mar sin féin, is léiriú é ar mhian leathan ar fud an Aontais Eorpaigh ós rud é gur féidir leis a bheith ina choimirce do na Ballstáit agus iad ag déileáil leis an imirce neamhdhleathach agus is dreasacht luachmhar é chun an filleadh deonach tosaíochta nó comhar a spreagadh. Is gá córas inbhuanaithe a chruthú a oibreoidh ar bhonn fadtéarmach.
Ach ní féidir filleadh ar thríú tír lena bhfuil comhaontú ann ach amháin le forálacha dochta. Cuirtear coimircí san áireamh níos mó sa dréacht, agus ní fhéadfar na bearta sin a chur chun feidhme ach amháin ar bhonn na rogha deiridh. Chun a chinntiú nach bhfeidhmíonn sé ach mar rogha dheireanach, tugtar ordlathas nua isteach in Airteagal 4. Ina theannta sin, tá mionaoisigh agus teaghlaigh a bhfuil mionaoisigh acu fós eisiata ó na moil um fhilleadh.
Ar deireadh, cé gur féidir é sin a rialáil ar leibhéal na mBallstát amháin a bhfuil solúbthacht fós acu, tá tosaíocht níos soiléire curtha leis an dréacht seo le haghaidh cur chuige ar leibhéal an Aontais Eorpaigh.

Cearta bunúsacha, an ceart chun faisnéise agus faireachán
Ar an séú dul síos, ós rud é go bhfuil cearta bunúsacha ríthábhachtach ar fud an Aontais Eorpaigh, leathnaítear é a thuilleadh sa dréacht seo. In ainneoin na hoibleagáide maidir le

filleadh, níor cheart dúinn dearmad a dhéanamh ar an bhfíoras go bhfuilimid ag labhairt faoi dhaoine i ndeireadh na dála. Dá bhrí sin, ní mór prionsabal an non-refoulement a urramú ar fud an dréachta.
Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach go leanfaidh aon bhearta a ghlacfar faoin reachtaíocht sin de bheith comhréireach agus i gcomhréir go hiomlán le cearta bunúsacha.

Mar seachtú pointe, agus dlúthbhaint aige le coimircí agus comhar an náisiúnaigh tríú tír, tugtar aird ar leith sa dréacht seo ar an gceart chun faisnéise. Tá sé ríthábhachtach faisnéis shoiléir intuigthe a sholáthar ó thús go deireadh an nós imeachta. Gan faisnéis leordhóthanach, ní féidir leis an duine lena mbaineann comhoibriú. Thairis sin, má chuirtear ar an eolas iad faoina gcearta, méadaítear an dóchúlacht go mbeidh náisiúnaigh tríú tír rannpháirteach go cuiditheach leis an bpróiseas. Tugtar réamhrá nua le bileoga eolais éasca do dhaoine nach bhfuil mórán scileanna litearthachta acu nó nach bhfuil aon scileanna litearthachta acu, chun a chinntiú go bhfaigheann siad faisnéis chruinn freisin agus gur féidir leo í a thuiscint.

Ba cheart aird níos mó a thabhairt freisin ar chóras faireacháin cuí a fhorbairt, ar dhá chúis go príomha. Ar thaobh amháin, toisc gur rialachán é seo, agus gur cheart an fhís Eorpach a fheabhsú a thuilleadh i gcomhréir leis an gcuid eile den dréacht seo. Ar an taobh eile, toisc go leathnaítear roghanna maidir le filleadh, agus ní mór dúinn a áirithiú go mbeidh aistrithe inbhuanaithe agus go n-urramóidh siad cearta bunúsacha. Dá bhrí sin, tá córas faireacháin fíor-Eorpach, éifeachtach agus comhsheasmhach laistigh de Frontex ríthábhachtach seachas é a fhágáil faoi na Ballstáit. Agus é níos láraithe, tá forléargas soiléir ann ar an bpróiseas iomlán um fhilleadh agus ar an tábhacht a bhaineann le cearta bunúsacha a chaomhnú.

Oibleagáid chun comhoibriú
Mar gheall ar an mbéim mhéadaithe ar fhilleadh deonach, mar atá sa togra ón gCoimisiún, tugtar aird leordhóthanach ar an oibleagáid maidir le comhoibriú. Go deimhin, cuirtear bearta breise ar fáil chun filleadh a éascú, lena n-áirítear faisnéis fheabhsaithe a sholáthar, cúnamh leis an bpróiseas um fhilleadh, agus tacaíocht don ath-imeascadh. Má theipeann ar dhuine aonair comhoibriú mar sin féin, beidh feidhm ag iarmhairtí áirithe sa dréacht seo freisin. Gan na bearta sin, bheadh an córas fós neamhéifeachtach, agus ní bheimis in ann an ráta fillte reatha de thart ar 20 faoin gcéad a shárú. Ar an gcaoi sin, éiríonn an creat níos cothroime agus níos éifeachtaí. Tá na hiarmhairtí sin comhréireach agus cothrom i gcomhthéacs an togra. Tugadh aird ar leith sa dréacht seo ar roghanna malartacha ar choinneáil chun a áirithiú go leanfaidh coinneáil rialta de bheith ina rogha dheiridh. Sin an fáth a n-athraítear an t-ord sa Rialachán. Tar éis an tsaoil, léiríonn staitisticí nach bhfuil an choinneáil éifeachtach ach amháin i gcásanna inar féidir duine a chur ar ais go tapa, agus ar an gcaoi sin a áirithiú éifeachtúlacht an phróisis um fhilleadh agus a chuidíonn le ró-ualach an chórais a chosc. Ina theannta sin, sa dréacht seo, tugtar fad na coinneála ar ais go dtí an fad atá ar eolas sa Treoir atá ann faoi láthair mar gheall ar thorthaí dearfacha. Ar ndóigh, níl feidhm aige sin maidir le daoine a bhfuil riosca slándála ag baint leo. Mar sin féin, tá gá fós le coinneáil, go háirithe i gcásanna ina bhfuil baol éalaithe ann. Ciallaíonn sé sin gur cheart go mbeadh coinneáil mionaoiseach agus teaghlach a bhfuil mionaoisigh acu indéanta i gcónaí chun mí-úsáid mionaoiseach a sheachaint.

Toirmisc ar dhul isteach agus an ceart chun leighis éifeachtaigh
Is éard atá sa dréacht nua seo toirmeasc neamhtheoranta ar theacht isteach a thabhairt isteach do dhaoine aonair a bhfuil riosca slándála chomh suntasach sin ag baint leo laistigh den Aontas Eorpach, nár cheart go mbeidís in ann filleadh ar theorainn Schengen choíche. Baineann sé sin le coirpigh chogaidh agus le sceimhlitheoirí. Níor cheart go mbeadh áit acu inár sochaí choíche.

Ar an taobh eile, ní féidir síneadh a chur le toirmeasc ar theacht isteach a thuilleadh ar chúiseanna praiticiúla ach toisc go bhfuil easpa comhréireachta ann freisin. Chomh maith leis an toirmeasc neamhtheoranta ar theacht isteach agus scriosadh an tsínidh, tugtar uasteorainneacha ama isteach chun a chinntiú go mbíonn toirmisc ar theacht isteach dlisteanach, cothrom agus cuiditheach i gcónaí. Leis an uasmhéid sin, is faoi na Ballstáit atá sé a chinneadh cá fhad a bheidh i gceist leis an toirmeasc ar theacht isteach.

Mar naoú pointe, tugadh aird ar leith ar an gceart chun leigheas éifeachtach a fháil. Gach náisiúnach tríú tír a gceanglaítear air filleadh, tá sé de cheart aige leigheas éifeachtach a fháil má mheasann siad nach bhfuil an nós imeachta á sheoladh i gceart nó má tá riosca non-refoulement ann. Mar sin féin, ní thugtar le tuiscint leis sin go mbíonn fionraí uathoibríoch ag teastáil nó riachtanach i ngach cás i gcónaí. D'fhéadfadh moilleanna a bheith mar thoradh ar an éifeacht fionraíochta uathoibríoch sin, cé go ndearnadh measúnú críochnúil cheana féin ar an riosca non-refoulement le linn an nós imeachta tosaigh, nó i gcásanna nár iarr an duine aonair cosaint riamh. Chun moilleanna neamhriachtanacha a d'fhéadfadh a bheith ann a chosc, baineadh an ceanglas sin, agus ag an am céanna caomhnaíodh an fhéidearthacht iarraidh ar fhionraí a chur isteach nuair is gá agus an fhéidearthacht cúnamh dlíthiúil agus ionadaíocht dhlíthiúil a fháil.

An chomhroinnt sonraí

Ar deireadh, mar a léirítear sa dréacht, rinneadh measúnú dearfach ar na rialacha maidir le comhroinnt sonraí. Cuireann Rialachán deis ar fáil chun béim níos mó a chur ar shábháilteacht sonraí agus ba cheart aird níos mó a thabhairt air sin i gcónaí. Leis an aitheantas frithpháirteach nua, tá sé ríthábhachtach go ndéanfadh na Ballstáit na sonraí is gá a chomhroinnt le chéile i ndáil le cosaint sonraí. Sa dréacht seo, ní féidir sonraí a chomhroinnt idir na Ballstáit ach amháin leis na húdaráis nó na húdaráis bhreithiúnacha a bhfuil an nós imeachta um fhilleadh de chúram orthu. Ina theannta sin, níl breisluach ag baint leis na sonraí uile atá beartaithe ón gCoimisiún, agus ní mór solúbthacht leordhóthanach a choinneáil.

Ar ndóigh, tá comhroinnt agus cosaint sonraí tábhachtach freisin don nós imeachta um athligean isteach agus don teagmháil leis na tríú tíortha, i gcás ina bhfuil sé mar chuid de chaidreamh iontaofa. Gan comhroinnt sonraí, ní féidir tús a chur le nós imeachta. Tugtar aird bhreise ar chomhroinnt sonraí a bhaineann le cionta coiriúla ós rud é nár cheart pionós an bháis ná aon chineál íde atá cruálach agus mídhaonna a bheith mar thoradh air.

Is díol sásaimh don Rapóirtéir an togra ón gCoimisiún agus tá sé suite de gur féidir cur chun feidhme tapa a dhéanamh a bheidh i gcomhréir le cur chun feidhme an Chomhshocraithe maidir le hImirce nuair a ghlacann gach duine freagracht.